



## POLASÁ CAIDRIMH PHOBAIL,



Department of  
**Education**

[www.deni.gov.uk](http://www.deni.gov.uk)

AN ROINN  
**Oideachais**

MÁNNYSTRIE O  
**Lear**

Leagan 1.0  
Eanáir 2012

## CLÁR ÁBHAIR

|   | <i>Lch</i> |
|---|------------|
| <a href="#">Réamhrá</a>   | 1          |
| 1. <a href="#">Cúlra</a>  | 4          |
| 2. <a href="#">Polasaí Caidrimh Phobail, Comhionannais agus Ilchineálachta: Aidhmeanna agus Croí-Phrionsabail</a> | 8          |
| 3. <a href="#">Treoir Ghinearálta</a>   | 11         |
| 4. <a href="#">Luathbhlianta</a>  | 15         |
| 5. <a href="#">Scoileanna</a>   | 19         |
| 6. <a href="#">Seirbhís Óige</a>  | 33         |
| 7. <a href="#">Meastóireacht</a>  | 38         |
| 8. <a href="#">Oiliúint &amp; Tacaíocht</a>   | 41         |
| <a href="#">Naisc agus Eolas Úsáideach</a>  | 43         |
| <a href="#">Iarscríbhinní</a>   | 47         |

Tabhair do d'Aire: Más doiciméad clóite é an doiciméad seo, seiceáil gurb é an leagan is cothroime le data é trí thagairt a dhéanamh do shuíomh gréasáin RO ([www.deni.gov.uk](http://www.deni.gov.uk))



## Réamhrá

Tá béim chomhbheartaithe i ngach roinn rialtais ar fheabhsú an tsaoil dár gcuid páistí agus daoine óga. Léirítear é seo i nDréachtchlár Rialtais an Fheidhmeannais don tréimhse 2012-15 agus tríd an straitéis deich mbliana do pháistí agus daoine óga (*Ár gcuid Páistí agus Daoine Óga – Ár nGealltanais 2006-16*).

Tá an tsochaí ina mairimid ag athrú i gcónaí. Le blianta beaga anuas, tá forbairtí polaitiúla agus sochaíocha i ndiaidh dul i bhfeidhm ar an chaidreamh pobail ar leibhéal straitéiseach lasmuigh den oideachas. De bhreis air seo, tá réimse de reachtaíocht chomhionannais agus cheart daonna i ndiaidh a fhoilsithe, lena n-áirítear Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh (*UNCRC*) agus tá athruithe suntasacha polaitiúla i ndiaidh titim amach agus muid ag teacht amach as blianta de coimhlint.

Tá méadú tagtha chomh maith ar líon na ndaoine ó thíortha eile atá ag cur fúthu anseo, rud a fhágann go bhfuil réimse de chultúir ann a fheabhsaíonn agus a shaibhríonn ár bpobail. Ní mór dár gcuid páistí agus daoine óga leanúint le tógáil an chaidrimh dhearfaigh le daoine óga ó éagsúlacht de chúlraí agus braistintí agus le díothú na n-íomhánna diúltacha i dtaobh na ndaoine a meastar bheith éagsúil leo féin.

Is é is tasc amháin don oideachas páistí agus daoine óga a ullmhú le maireachtáil i sochaí ilchineálach. Is é is rún agamsa, mar sin de, glacadh le cur chuige níos leithne i leith fheabhsú an chaidrimh i measc gach duine trí oideachas a chur ar dhaoine óga le go bhforbróidh siad féinmheas agus meas ar dhaoine eile, mar a mbeadh an comhionannas, an chuimsitheacht agus cearta mar bhunchlocha faoi chóras oideachais ina gcuirfí ar chumas gach foghlaimeora lánacmhainneacht a bhaint amach.

Is é is mian liomsa córas oideachais lánchuimsitheach a fheiceáil ina gcuirfí fáilte roimh an ilchineálacht leathan atá ann cheana sna scoileanna agus sna suíomhanna óige s’againn, ina gcinnteofaí go mbeadh deis chothrom ag gach foghlaimeoir agus go mbeadh gach tacaíocht is gá ag gach páiste agus ag gach duine óg le cuidiú leo lánacmhainneacht a bhaint amach agus a ról féin a ghlacadh sa tsochaí s’againn atá ag fabhrú léi i rith an ama. Ar an ábhar seo, measaimse gur bunchuid de chlár oibre Ardaithe na gCaighdeán sa Roinn s’agam é an Polasaí Caidrimh Phobail, Comhionannais agus Ilchineálachta.

Is é is aidhm leis an doiciméad treorach seo an Polasaí Caidrimh Phobail, Comhionannais agus Ilchineálachta a chomhlánú trí shainchomhairle phraiticiúil a sholáthar le cuidiú le cur i bhfeidhm an pholasaí ar fud réimse iomlán na suíomhanna oideachais, naisc leis an churaclam leasaithe a sholáthar agus breac-chuntas a thabhairt ar an tacaíocht atá ar fáil le cuidiú lena chur i bhfeidhm.

Tá mise ag dúil le go mbeidh an treoir seo ina cuidiú agat agus muid ag iarraidh, le chéile, an dea-chaidreamh a chinntiú idir gach pobal againn, an comhionannas a chur chun cinn agus a chinntiú go nglacfar leis an ilchineálacht faoin uile riocht.

**JOHN O'DOWD CTR**  
An tAire Oideachais

Buíochas

Ba mhaith leis an Roinn Oideachais buíochas a ghabháil le gach duine dár thug chomh fial sin dá gcuid ama ag cuidiú linn le forbairt na dtreoirlínte seo. Go háirithe, gabhtar buíochas le:

- Michael Graham, NEELB
- Matt Milliken, SEELB
- Jayne Simms, SELB
- June Neill, WELB
- Norma Rea, Comhairle Óige TÉ
- Walker Ewart, ETI
- Alan McMurray, CCEA

Ba mhaith leis an Roinn chomh maith aitheantas a thabhairt don obair atá déanta ag Ollscoil Uladh, le maoiniú ón Chiste Idirnáisiúnta d'Éirinn, le *Teagasc i dTreo an Dea-chaidrimh: Creat Inniúlachtaí Incriminteach (Teaching for Good Relations Incremental Competency Framework)* a fhorbairt, a bhfuil cóip de faoi iamh in Iarscríbhinn 1.

# 1. Cúlra

1.1 Tháinig an chéad ráiteas poiblí tiomantais ón Roinn Oideachais maidir le forbairt polasaí Caidrimh Phobail i gcioclán de chuid na Roinne Oideachais (RO): ‘The Improvement of Community Relations: The Contribution of Schools’ sa bhliain 1982. Dar leis seo go bhfuil sé d’fhreagracht ar gach múinteoir, ar gach bainisteoir scoile, ar gach ball agus iontaobhaí Boird, agus ar gach riarthóir oideachais laistigh den chóras, bheith ag cuidiú le páistí agus le daoine óga meas agus tuiscint a bheith acu ar a chéile, agus ar na nósanna agus na traidisiúin éagsúla atá acu, agus lena n-ullmhú le bheith ag maireachtáil le chéile go sítheach sa saol aosach. Ó rinneadh an chéad ráiteas poiblí sin, tá forbairt agus fabhrú leanúnach tagtha ar an Pholasaí Caidrimh Phobail i gcomhréir leis an timpeallacht athraitheach pholaitiúil, eacnamaíochta agus shóisialta ina mbíonn an t-oideachas ag feidhmiú (sna suíomhanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta), mar aon le hathruithe sa churaclam mar a mbíonn níos mó deiseanna ag páistí agus daoine óga bheith ag foghlaim faoin éagsúlacht.

1.3 Spreag athruithe, ar na mallaibh, sna tosca timpeallachta níos leithne seo gur thionscain an tAire athbhreithniú ar an pholasaí agus foilsíodh, dá thoradh seo, an Polasaí um Chaidreamh Pobail, Comhionannas agus Ilchineálacht san Oideachas (CRED) ar 24 Márta 2011. Is féidir teacht ar an pholasaí ag <http://www.deni.gov.uk/index/20-community-relations-pg.htm>

(Thig teacht ar shainmhíniú ar Chaidreamh Pobail, Comhionannas agus Ilchineálacht faoi *Useful Links and Information*)

Cé gur ar scoileanna (bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta), ar shuíomhanna obair óige agus ar shuíomhanna reachtúla luathbhlianta is mó atá an polasaí dírithe, moltar go láidir chomh maith d’eagraíochtaí eile a bhfuil baint acu leis an oideachas glacadh le prionsabail an pholasaí úir.

- 1.4 Ní amháin go leanfar, leis an pholasaí CRED, le bheith ag plé le ceisteanna a bhfuil tionchar acu ar an dá phríomhphobal anseo agus sochaí thuaisceart na hÉireann ag teacht amach as leagáid na coimhlinte, aithnítear, leis an pholasaí, agus féachtar le dul i ngleic le gach ceist a bhaineann leis na grúpaí uilig atá luaite i Mír 75 d'Acht Thuaisceart Éireann 1998 laistigh den phobal againn.
- 1.5 Is é is aidhm leis an pholasaí a chur ar chumas páistí agus daoine óga an difríocht, pé riocht ina bhfuil sí – creideamh, cultúr, inscne, claonadh gnéasach, míchumas nó dearcadh polaitiúil, a thuiscint agus bheith in ann plé léi agus tá sé bunaithe ar chomhionannas, ar chearta daonna agus ar Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta an Linbh (UNCRC). Léiríonn an polasaí na gealltanais atá taobh istigh de Chomhaontuithe Aoine an Chéasta, Chill Rìmhinn agus Cromghlinne.
- 1.6 Féachann an polasaí CRED le tairbhe a bhaint as an ardán a thagann leis na curaclaim oideachais lena chinntiú go mbíonn teacht ag gach páiste agus duine óg ar na deiseanna a thagann leis an pholasaí le go mbeidh faill acu, ag gach eochairchéim, a gcuid foghlama a chur i bhfeidhm trí idirghníomhú, tuiscint agus ómós bríoch le daoine óga de chúlraí éagsúla sóisialta, cultúrtha nó creidimh.
- 1.7 Féachtar, leis an pholasaí, Caidreamh Pobail, Comhionannas agus Ilchineálacht a neadú mar bhunchuid den ghnáthshaol i ngach suíomh oideachais foirmeálta agus neamhfhoirmeálta le go n-aithneofar na riachtanais atá ag na páistí agus daoine óga atá ag foghlaim sa suíomh sin.
- 1.8 Is é atá i gceist le Caidreamh Pobail, Comhionannas agus Ilchineálacht bheith ag obair i dtreo sochaí ina mbeadh braistint muintearais ag gach pobal; sochaí ina dtuigfí agus ina dtabharfaí ómós d'ilchineálacht cúlra agus tosca na ndaoine; sochaí ina mbeadh comhdheiseanna agus deiseanna comhchosúla ag gach duine; agus sochaí ina mbeadh caidreamh láidir dearfach sna scoileanna, sna grúpaí óige agus sa mhórphobal agus ina mbeifí ag leanúint le forbairt an chaidrimh sin.
- 1.9 Mura gcinntimid an comhionannas, beidh sé dodhéanta deachaidreamh pobail agus ilchineálacht a chothú. Baineann

spiorad an Chaidrimh Phobail, an Chomhionannais agus na hIlchineálachta leis an chomhionannas maidir le deiseanna saoil agus le gnóthachtáil, tuiscint don ilchineálacht, bheith in ann glacadh le tuairimí éagsúla, athléimneacht le bheith in ann déileáil le hathruithe agus teagmháil idir pobail éagsúla agus saoránacht ghníomhach.

## Róil agus Freagrachtaí

1.10 Tá ról le glacadh ag gach duine a bhfuil baint acu le bainistiú, le pleanáil agus le seachadadh an oideachais maidir lena chinntiú go ndéanfar Caidreamh Pobail, Comhionannas agus Ilchineálacht a neadú ina n-iomláine laistigh den chóras oideachais. Seo a leanas na róil agus na freagrachtaí áirithe atá ag na heochairpháirtithe leasmhara:

### 1.10.1 An Roinn Oideachais (RO)

Tá RO freagrach as forbairt agus athbhreithniú an pholasaí CRED agus as a chinntiú go bpléitear le gach ábhar buartha i bpolasaithe ábhartha oideachais agus rialtais eile.

### 1.10.2 An tÚdaras Oideachais agus Scileanna (ESA)

Beidh ESA cuntasach do RO maidir le héifeachtacht chur i bhfeidhm an pholasaí

- trí sheirbhísí tacaíochta fóirsteanacha a chur ar bun;
- trí chur i bhfeidhm comhsheasmhach a chinntiú i ngach suíomh oideachais;
- trína chinntiú go mbíonn na scileanna riachtanacha ag baill foirne tacaíochta le tacú le lucht saothair an oideachais na torthaí polasaí a bhfuiltear ag dúil leo a éascú;
- aon áit ar gá, trí áiseanna a fhorbairt le tacú leis an pholasaí sna suíomhanna éagsúla oideachais;
- trí scoileanna agus suíomhanna obair óige a choinneáil cuntasach as seachadadh an pholasaí agus trína ndúshlán a chur, aon áit ar ghá;
- trí thuairiscí monatóireachta agus breithmheasa a chur ar fáil go rialta do RO.

Go dtí go gcuirfead ESA ar bun, roinnfead na freagrachtaí seo ar na cúig Bhord Oideachais agus Leabharlann agus ar Chomhairle Óige TÉ (YCNI); tabharfar aird ar na pleananna coinbhéirseachta.

### 1.10.3 Scoileanna agus suíomhanna oideachais eile

Beidh na Coistí Bainistíochta/Comhairleacha agus na Ceannairí i scoileanna agus i suíomhanna luathbhlianta agus obair óige freagrach as cultúr cuimsitheachta a fhorbairt ina mbeidh ionchais agus mianaidhmeanna arda do gach páiste agus duine óg. Ba cheart go ndéanfaí é seo ar bhonn uile-eagraíochta.

Beidh ról lárnach ag Boird Ghobharnóirí maidir lena chinntiú go mbíonn scoileanna oscailte fáilteach do gach aicme den tsochaí agus go spreagann siad agus go gcuireann siad chun cinn go gníomhach cur i bhfeidhm praiticiúil an pholasaí CRED ar bhonn uile-scoile.

Mar an gcéanna, ba cheart dóibh sin a bhfuil freagrachtaí bainistíochta orthu i suíomhanna Luathbhlianta agus i suíomhanna de chuid na Seirbhíse Óige cur i bhfeidhm an pholasaí a chur chun cinn agus a spreagadh.



## **2. Polasaí Caidrimh Phobail, Comhionannais agus Ilchineálachta: Aidhmeanna agus Croí-Phrionsabail**

### **Aidhm agus Cuspóirí an Pholasaí**

2.1 Is é is aidhm leis an pholasaí:

- Cur le feabhsú an chaidrimh idir phobail trí oideachas a chur ar dhaoine óga chun féinmheas agus meas ar dhaoine eile a fhorbairt, trí dheiseanna a sholáthar do pháistí agus do dhaoine óga sna suíomhanna oideachais foirmeálta agus neamhfhoirmeálta le go dtig leo caidreamh a bhunú le daoine ó chúlraí agus traidisiúin éagsúla, laistigh de na hacmhainní atá ar fáil.

2.2 Is iad cuspóirí an pholasaí:

- A chinntiú go mbíonn tuiscint agus meas ag foghlaimeoirí, ag gach céim ina bhforbairt, ar chearta, ar chomhionannas agus ar ilchineálacht an uile dhuine gan aon idirdhealú.
- Oideachas a chur ar pháistí agus ar dhaoine óga le go dtig leo maireachtáil agus bheith rannpháirteach i ndomhan atá ag athrú, le go gcuirfidh siad luach agus le go mbeidh meas acu ar éagsúlacht agus le go bpléifidh siad go dearfach léi, agus iad ag glacadh san áireamh na deighiltí idirphobail leanúnacha a eascraíonn ón choimhlint mar aon le hilchineálacht mhéadaithe inár sochaí.
- Páistí agus daoine óga a fheistiú leis na scileanna, leis an mheon agus leis an iompar is gá chun comhthuiscint agus aitheantas agus meas ar éagsúlacht a fhorbairt.

2.3 Is é an toradh a bhfuiltear ag dúil leis ón pholasaí seo, foghlaimeoirí a fhorbairt:

- A thuigeann agus a bhfuil meas acu ar chearta, ar chomhionannas agus ar ilchineálacht an uile dhuine; agus

- A fhorbraíonn na scileanna, an meon agus an t-iompar is gá lena chur ar a gcumas luach agus meas a bheith acu ar éagsúlacht agus bheith ag plé go dearfach léi.

## **Cur i bhFeidhm an Pholasaí**

2.4 Tá an polasaí CRED dírithe ar riachtanais an fhoghlaiméora agus baineann sé le páistí agus daoine óga i suíomhanna luathbhlianta, bunscoile, iar-bhunscoile agus óige. Beidh ról le glacadh chomh maith ag an fhoireann, lena n-áirítear an fhoireann choimhdeach, Bainisteoirí, Boird Ghobharnóirí, Coistí Deonacha, tuismitheoirí agus cúramóirí agus na pobail thart orthu sna suíomhanna sin.

## **Croí-Phrionsabail atá mar thaca faoin Pholasaí**

2.5 Tá na croíphrionsabail seo a leanas mar thaca faoin pholasaí. Ba cheart don pholasaí:

- Glacadh le cur chuige ina bhfuil riachtanais na bpáistí agus na ndaoine óga ríthábhachtach;
- Tacú le forbairt fhéinmheas na ndaoine óga agus a gcuid eolais ar an ilchineálacht ar dhóigh a spreagfadh dul chun cinn;
- Bheith freagrúil do riachtanais na bpáistí agus na ndaoine óga agus a bpobail agus na torthaí a bhfuiltear ag dúil leo le haghaidh daoine óga a leagan amach go soiléir;
- Ról a thabhairt do dhaoine óga maidir le pleanáil agus le measúnú ar éifeachtúlacht na gclár CRED;
- A ábharthacht agus a chónas a léiriú maidir leis an churaclam, le torthaí a fheabhsú do pháistí agus do dhaoine óga, agus le ceangal le polasaithe oideachais agus Rialtais eile, lena n-áirítear neartú an gheilleagair;
- Coincheap na foghlama gníomhaí a spreagadh, rud a dtugtar buntacaíocht di sa churaclam foirmeálta agus neamhfhoirmeálta;

- Na torthaí atá suíomhanna oideachais ag iarraidh a fháil do dhaoine a chomhlánú, níor cheart go mbeadh sé trom nó go measfaí nach bhfuil ann ach tionscnamh eile;
- An comhoibriú agus an chomhpháirtíocht atá ann cheana a aithint, lena n-áirítear idir scoileanna, grúpaí óige, coláistí agus eagrais oiliúna, agus tógáil air seo ar dhóigh a fhreastalaíonn ar riachtanais na ndaoine óga;
- Na pointí éagsúla tosaigh atá ag gach duine aonair agus ag gach suíomh oideachais agus ag an phobal thart air a chur san áireamh;
- Deiseanna a sholáthar, oiread agus is féidir agus laistigh de na hacmhainní atá ar fáil, le haghaidh idirghníomhaíocht bhríoch idir grúpaí éagsúla d'fhonn tionchar dearfach a imirt ar chaidreamh i measc an phobail; agus
- Sárthaispeántas a dhéanamh den dea-chleachtas agus comhroinnt na scileanna trí agus idir na hearnálacha foirmeálta agus neamhfhoirmeálta a chothú agus a spreagadh.

### 3. Treoir Ghinearálta

- 3.1.1 Ba cheart go mbeadh tuiscint agus meas ag páistí agus daoine óga ar chearta, comhionannas agus ilchineálacht an uile dhuine gan aon idirdhealú. Ba cheart iad a fheistiú leis na scileanna, leis an mheon agus leis an iompar is gá chun comhthuiscint agus aitheantas agus meas ar éagsúlacht a fhorbairt. Tá eochair-ról ag soláthróirí, scoileanna agus suíomhanna obair óige sa phróiseas seo.
- 3.1.2 Tá tairbhe le baint ag gach páiste agus duine óg as idirghníomhaíocht bhríoch agus ba cheart do shuíomhanna luathbhlianta, do scoileanna agus do ghrúpaí óige féachaint le deiseanna a thabhairt do pháistí agus daoine óga le bualadh le agus le bheith ag foghlaim le daoine de chúlraí éagsúla agus a bhfuil cúinsí éagsúla acu, ag brath ar chonstaicí acmhainní.
- 3.1.3 Tá san áireamh cheana sna curaclaim oideachais (Treoir Churaclaim don Réamhscolaíocht, Curaclam TÉ nó Samhail na Seirbhíse Óige don Chleachtas Éifeachtach) bearta a phléann le ceisteanna CRED ag leibhéal cleachtais sa mhúinteoireacht/obair óige. Tacóidh agus feabhsóidh cur i bhfeidhm an Pholasaí CRED an obair ar cheart do shuíomhanna oideachais bheith ag tabhairt fúithi cheana.
- 3.1.4 Tá de cheangal ar scoileanna leis an Ord Oideachais (Íosmhéid Curaclaim) (TÉ) 2007 don Fhorbairt Phearsanta agus Comhthuiscint ag leibhéal na bunscolaíochta agus Foghlaim don Saol agus don Obair ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta, dul i ngleic le ceisteanna Caidrimh Phobail, Comhionannais agus Ilchineálachta, lena n-áirítear saoránacht. Tá nasc soiléir anseo leis an Pholasaí Caidrimh Phobail, Comhionannais agus Ilchineálachta.
- 3.1.5 Tá san áireamh i gcuraclam mír saoránachta i ngach eochairchéim, a bhfuil sé d'aidhm aici forbairt a dhéanamh ar an chumas atá ag gach duine óg páirt dhearfach éifeachtach a ghlacadh sa tsochaí, tionchar a dhéanamh ar phróisis an daonlathais, agus cinní eolasacha freagracha a dhéanamh mar shaoránaigh áitiúla agus dhomhanda ar feadh a saoil.

- 3.1.6 Ag leibhéal na bunscolaíochta, trí Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint (PDMU), déanann daltaí fiosrúcháin ar an ilchineálacht, an oidhreacht chultúrtha, cur chun cinn na cuimsitheachta, cearta daonna, cúiseanna coimhlinte agus freagairtí don choimhlint agus an dóigh le ról gníomhach bríoch a ghlacadh sa phobal.
- 3.1.7 Ag leibhéal na hiar-bhunscolaíochta, faigheann daltaí deiseanna, trí ghné na Saoránachta Áitiúla agus Domhanda den Fhoghlaim don Saol agus don Obair (LLW), le bheith ag plé le héagsúlacht de cheisteanna, amhail an ilchineálacht, réamhchlaonadh agus ciníochas, cur chun cinn na cuimsitheachta agus an athmhuintearais, cóimheas, comhionannas agus cearta daonna, ceartas sóisialta agus eisiatacht, daonlathas agus rannpháirtíocht. Tá Foghlaim don Saol agus don Obair éigeantach do gach dalta in Eochairchéim 3 agus 4 agus thig le daltaí é seo a roghnú don GCSE chomh maith más mian leo.
- 3.1.8 Faightear deiseanna leis an oideachas Saoránachta le héagsúlacht de cheisteanna a fhiosrú, amhail ilchineálacht, cuimsitheacht, oidhreacht chultúrtha, comhionannas, daonlathas, rannpháirtíocht agus cearta daonna.
- 3.1.9 Tá treoir curtha le chéile ag an Comhairle Churaclaim, Scrúdúcháin agus Mheasúnaithe (CCEA) le haghaidh múinteoirí maidir le seachadadh na n-ábhar seo. Cé gur faoi scoileanna atá sé socrú ar na háiseanna nó na cláir a úsáideann siad agus an curaclam á sheachadadh acu, tá roinnt áiseanna PDMU/LLW ar fáil le haghaidh múinteoirí ar shuíomh gréasáin Churaclam TÉ amhail Maireachtáil. Foghlaim. Le Chéile agus Insync – féach [www.nicurriculum.org.uk](http://www.nicurriculum.org.uk).
- 3.1.10 Tá áiseanna ar fáil chomh maith ar shuíomh gréasáin CREDNI. ([www.CREDNI.org](http://www.CREDNI.org))
- 3.1.11 Soláthraíonn YCNI áiseanna agus tacaíocht do shuíomhanna obair óige ([www.ycni.org](http://www.ycni.org)).
- 3.1.12 Tá áiseanna breise ar fáil ó eagraíochtaí a bhíonn ag plé le ceisteanna Mír 75 ar leith [m.sh. LGBT, míchumas srl.] agus ar shuíomhanna gréasáin na n-eagraíochtaí deonacha. Tá

d'fhreagracht ar shuíomhanna oideachais a shocrú cé acu áiseanna is ábhartha agus is fóirsteanáí ó thaobh aoise de.

3.1.13 Mar aon le naisc thábhachtacha tríd na curaclaim oideachais, tá naisc chomh maith ag an Pholasaí CRED leo seo a leanas:

- Gach Scoil ina Scoil Mhaith;
- Gach Scoil ina Scoil Mhaith : Tacú le Daltaí Núíosacha;
- An tOrd Oideachais (Íosmhéid Curaclaim) (TÉ) 2007;
- Scoileanna Seirbhísí Breise: Scoileanna, Teaghlaigh, Pobail ag comhoibriú;
- An Bealach chun Tosaigh do Shainriachtanais Oideachais (eisthe le haghaidh comhairliúchán poiblí);
- Tosaíochtaí don Óige (á fhorbairt);
- Straitéis Luathbhlianta (eisthe le haghaidh comhairliúchán poiblí);
- Teacher Education in a Climate of Change (eisthe le haghaidh comhairliúchán poiblí);
- Oideachas na bPáistí agus na nDaoine óga den Lucht Siúil (ciorclán scoile).

3.1.14 Gné thábhachtach den obair seo ná a chinntiú go mbíonn na cleachtóirí cumasach agus go mbíonn siad muiníneach go leor le dul i ngleic le ceisteanna a bhíonn achrannach dúshlánach d'oideachasóirí agus do dhaoine óga araon. Dá réir seo, tá an polasaí dírithe ar thógáil cumais, lena chinntiú go mbíonn obair neadaithe go docht laistigh de shuíomhanna oideachais agus d'fhonn an spleáchas ar eagraíochtaí seachtracha a laghdú. San aeráid reatha eacnamaíochta, is é seo an bealach is fearr lena chinntiú go mbíonn an obair CRED inmharthana. Tá eolas breise sna caibidlí a leanas maidir le gach suíomh éagsúil oideachais.

3.1.15 Tá ról ríthábhachtach le glacadh ag Cleachtóirí, Coistí Bainistíochta/Comhairleacha agus Boird Ghobharnóirí maidir le cultúr cuimsitheachta a sholáthar agus le haidhmeanna CRED a neadú ina n-eagraíocht. Thabharfadh an fhianaise le tuiscint go bhfuil cur chuige uile-eagraíochta éigeantach d'fhonn an cultúr seo a neadú i suíomhanna oideachais. Ba cheart go háirithe go léireodh éiteas na scoile toilteanas chun comhionannas, dea-chaidreamh agus meas ar an ilchineálacht a chur chun cinn agus ba cheart go mbeadh nasc soiléir idir é agus próiseas na pleanála le haghaidh forbairt scoile.

- 3.1.16 Ba cheart go gcuimseofaí i ngach forbairt agus meastóireacht CRED, gach áit ar féidir, an pobal i gcoitinne.
- 3.1.17 Cé gur acmhainn luachmhar é teacht i dtír ar dheiseanna maoinithe tríd na forais reachtúla, d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh foinsí eile maoinithe trí eagrais neamhreachtúla le cur i bhfeidhm foriomlán an pholasaí CRED agus go bhfeabhsódh siad é.
- 3.1.18 Ba cheart gur rannpháirtithe gníomhacha iad na páistí agus na daoine óga laistigh de gach suíomh maidir le pleanáil agus comhtháthú an pholasaí CRED. Tá léirithe, le haiseolas ó pháistí agus daoine óga, gur cheart bearta iomchuí a chur i bhfeidhm le tabhairt faoi aiseolas agus moltaí. Is féidir é seo a dhéanamh trí réimse de mheicníochtaí – fócasghrúpaí, comhairlí scoile, ionadaíocht ar choistí, ceistneoirí srl.
- 3.1.19 Níor cheart glacadh leis gur cheart plé le ceisteanna Caidrimh Phobail, Comhionannais agus Ilchineálachta in áiteanna nó i bpobail áirithe. Ba cheart do gach scoil agus eagrais óige bheith ag iarraidh plé leis an réimse iomlán de cheisteanna CRED tríd na curaclaim iomchuí.
- 3.1.20 Cé go bhfuil freagracht ann freastal ar gach grúpa Mír 75, ba cheart é seo a chur i bhfeidhm ar dhóigh a bheidh aois-oiriúnaithe agus solúbtha go leor le díriú ar shaincheisteanna a bhaineann le riachtanais na bhfoghlaimeoirí agus na bpobal a soláthrófar an polasaí iontu. Tá sé tábhachtach go háirithe go dtabharfar aird chuí ar cheisteanna a bhaineann leis na faighteoirí a meastar iad bheith achrannach nó conspóideach, de réir mar is gá.
- 3.1.21 Tá treoir shainiúil a bhaineann le gach suíomh oideachais leagtha amach sna caibidlí ina dhiaidh seo.

## 4. Réamhscolaíocht/Oideachas Luathbhlianta

### 4.1 Ról na Réamhscolaíochta/an Oideachais Luathbhlianta

Le go dtig CRED a chur i gcomhthéacs mhórchlár oibre an fheabhsaithe scoile, tá an treoir seo bunaithe ar na ceithre príomhthréith de Gach Scoil ina Scoil Mhaith (RO, Aibreán 2009).

4.2 Tá ról lárnach le glacadh ag gach réamhscoil maidir le cur chun cinn CRED trína cur chuige i leith:

1. Soláthar Páiste-Lárnaithe
2. Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán
3. Ceannasaíocht Éifeachtach
4. Scoil a bhfuil Naisc aici leis an Phobal Áitiúil

| SAINTRÉITH                | TÁSCAIRÍ  |
|---------------------------|---|
| Soláthar Páiste-Lárnaithe | <ol style="list-style-type: none"><li>a. Léiríonn éiteas na scoile tiomantas soiléir do chur chun cinn an chomhionannais deiseanna, na foghlama ar ardchaighdeán, cúraim do dhaltaí aonair agus measa don ilchineálacht/nó prionsabail agus aidhmeanna CRED.</li><li>b. Moltar cur chuige uile-scoile mar a mbeadh baint ag gach ball foirne agus duine óg leis an fhoghlaim faoi CRED</li><li>c. Laistigh d'éiteas/réamheolaire na scoile, ba cheart go mbeadh sé feiceálach go bhfuil glacadh leis an éagsúlacht agus meas ar an ilchineálacht.</li><li>d. Aithníonn an fhoireann an tábhacht atá le húsáid iomchuí teanga agus iompair a shamhaltú agus a léiriú.</li><li>e. Léiríonn cur chuige na scoile i leith chur i bhfeidhm CRED riachtanais na bpáistí uilig.</li><li>f. Tá scoileanna mothálach agus fáilteach maidir le féiniúlacht ilchineálach gach baill de phobal na scoile.</li><li>g. Tá tiomantas ann maidir le ról a thabhairt do dhaoine óga sa chomhphlé agus sna cinntí mar gheall ar shaol na scoile a mbíonn tionchar díreach acu orthu féin agus maidir le bheith ag éisteacht lena gcuid tuairimí.</li><li>h. Daltaí a spreagadh le teagmháil ghníomhach a dhéanamh le scoileanna eile agus le pobail eile de chúirí agus de thraidisiúin eile.</li><li>i. Ba cheart go mbeadh scoileanna meabhrach agus spreagúil maidir le doimhniú na héirime mothúchánaí ina gcuid caidreamh agus ina ndearcadh orthu féin.</li></ol> |



| SAINTRÉITH                             | TÁSCAIRÍ  |
|--|---|
| Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán | <ul style="list-style-type: none"> <li>a. Tá san áireamh sa phleanáil churaclaim foráil don fhoghlaim faoi aidhmeanna CRED.</li> <li>b. Ba cheart go mbeadh próiseas ‘pleanáil, gníomhú, athbhreithniú’ i bhfeidhm mar a bheadh amhlaidh le réimsí eile den churaclam le go dtarlódh feabhsú leanúnach.</li> <li>c. Bíonn múinteoirí machnamhach maidir lena gcuid oibre féin agus le torthaí na ndaltaí aonair.</li> <li>d. Bíonn deiseanna ag gach ball foirne agus duine óg bheith rannpháirteach i dtionscnaimh CRED más féidir.</li> <li>e. Ba cheart do mhúinteoirí, i gcomhréir le ceangaltais reachtúla an churaclaim réamhscoile/luathbhlianta, dul i ngleic leis na gnéithe níos dúshlánaí den ilchineálacht agus den chuimsitheacht d’fhonn ceisteanna sa chomhthéacs áitiúil a léiriú.</li> <li>f. Ba cheart go dtacófaí le múinteoirí le go dtig leo dul i ngleic le ceisteanna conspóideacha íogaire ar shlí aois-oiriúnaithe.</li> <li>g. Bíonn deiseanna ann ar fud an churaclaim le luachanna comhroinnte a chur chun cinn agus le cuidiú le daoine óga ómós agus meas a bheith acu ar an éagsúlacht.</li> <li>h. Béim agus tuiscint ar chearta daonna agus ar chearta páistí a chur chun cinn.</li> </ul> |
| Ceannasaíocht Éifeachtach              | <ul style="list-style-type: none"> <li>a. Bíonn fáil ag baill foirne agus ag lucht bainistíochta ar dheiseanna iomchuí oiliúna in CRED.</li> <li>b. Bíonn lucht bainistíochta ag tacú leis an fhoireann agus iad ag tionscnamh agus ag cothú an chleachtais CRED.</li> <li>c. Tacaíocht ó Bhord na nGobharnóirí/Choiste Bainistíochta maidir le bheith ag cloí le croí-phrionsabail CRED.</li> <li>d. Déantar bainistiú ceart éifeachtach ar acmhainní agus bíonn socruithe iomchuí i bhfeidhm i dtaca leis an bhainistiú airgeadais.</li> <li>e. Léiríonn ceannaireacht na scoile fíis shoiléir agus tiomantas maidir le polasaí agus cleachtas CRED.</li> <li>f. Cuirtear éiteas cuimsitheachta chun cinn laistigh den scoil.</li> <li>g. Tá tiomantas don phleanáil, don mhonatóireacht agus don mheastóireacht agus cuirtear am ar leataobh le go mbeidh sé seo bríoch.</li> <li>h. Teagmháil le háisíneachtaí seachtracha (amhail ETI, na Boird) maidir le monatóireacht agus meastóireacht.</li> </ul>  |

|   |   |
|---|---|
| <p>Scoil a bhfuil Naisc aici leis an Phobal Áitiúil</p> | <ol style="list-style-type: none"> <li>a. Coinnítear tuismitheoirí, cúramóirí agus an mórfhobal áitiúil ar an eolas maidir le tiomantas an eagrais i leith CRED.</li> <li>b. Bíonn deis ag tuismitheoirí, cúramóirí agus an mórfhobal bheith i dteagmháil le baill de thraidisiún/phobal eile.</li> <li>c. Féachtar le naisc fhóirsteanacha áitiúla a dhéanamh gach áit ar féidir agus le caidreamh a fhorbairt.</li> <li>d. Baineann an scoil tairbhe as an rannpháirtíocht s'aici i gcláir eile le tacaíocht bhreise a thabhairt d'aidhmeanna CRED.</li> <li>e. Deiseanna a fhiosrú/spreagadh le go dtig le daoine óga teagmháil a dhéanamh le daoine eile de chúlraí/thraidisiúin eile agus caidreamh dearfach a thógáil.</li> </ol> |
|---|---|

### 4.3 Treoir Churaclaim don Oideachas Réamhscolaíochta

4.3.1 Aithnítear sa Treoir Churaclaim don Oideachas Réamhscolaíochta a thábhachtaí atá sé cuidiú le páistí óga a thuiscint gurb iomaí dearcadh atá ag daoine ar an saol, ag brath ar thaithí chultúrtha, shóisialta agus chreidimh an duine. Aithnítear sa treoir gur gá do bhaill foirne an cultúr, an creideamh agus an stíl mhaireachtála atá ag teaghlach gach páiste a aithint agus meas a bheith acu orthu seo, agus go spreagfaí, dá réir, meas don ilchineálacht sa tsochaí s'againn. Tá sé seo ag teacht go soiléir le haidhmeanna agus le cuspóirí an Pholasaí Caidrimh Phobail, Comhionannais agus Ilchineálachta.

4.3.2 As na sé cheannteideal dhiscréideacha atá sa Churaclam don oideachas réamhscolaíochta, is í Forbairt Phearsanta, Shóisialta agus Mhothúcháinach is mó atá ag teacht leis an pholasaí CRED. Spreagtar páistí óga lena gcuid mothúcháin agus le mothúcháin agus riachtanais daoine eile a thuiscint, agus cuidítear leo, trí phlé a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag a gcuid gníomhartha ar dhaoine eile agus ar na fáthanna a bhfuil rialacha de dhíth orainn, meas ar dhaoine eile a fhorbairt agus na héagsúlachtaí idir dhaoine – amhail cine, cultúr agus míchumas – a thuiscint. Eascróidh bunraith dhaingean as an obair seo lena mbeifear in ann an fhorbairt fhorchéimnitheach, atá éigeantach chun na torthaí a bhfuiltear ag dúil leo leis an pholasaí CRED a bhaint amach, a chomhlánú.

4.3.3 Tá nasc chomh maith idir gné ‘An Domhan Thart Orainn’ den Churaclam don oideachas Réamhscolaíochta agus an polasaí CRED. Bíonn deiseanna ann le go dtig leo labhairt fá dtaobh díobh féin, lena n-áirítear an áit a gcónaíonn siad, baill den teaghlach sínte agus imeachtaí ina saol (san am atá caite agus san am i láthair), agus is féidir, agus iad ag foghlaim faoin obair a dhéanann cuid de na daoine sa phobal áitiúil, go dtiocfadh deiseanna le tógáil ar agus le tacú le haidhmeanna agus cuspóirí an pholasaí CRED.

## 5. SCOILEANNA

### 5.1 Ról na Scoileanna

Le go dtig CRED a chur i gcomhthéacs mhórchlár oibre an fheabhsaithe scoile, tá an treoir seo bunaithe ar na ceithre príomhthréith de Gach Scoil ina Scoil Mhaith – polasaí le haghaidh feabhsú scoile (RO, Aibreán 2009).

### 5.2 Tá ról lárnach le glacadh ag gach scoil maidir le cur chun cinn CRED tríd an chur chuige i leith:

1. Soláthar Páiste-Lárnaithe
2. Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán
3. Ceannasaíocht Éifeachtach
4. Scoil a bhfuil Naisc aici leis an Phobal Áitiúil

Tá nasc soiléir eatarthu seo, ar a n-uain, leis an Phleanáil le haghaidh Forbairt Scoile agus leis an ról lárnach atá ag éiteas na scoile mar bhuntaca faoi shaol agus obair na scoile.

Go háirithe, spreagtar go láidir do scoileanna in Iarscríbhinn H den Treoir ar Phleanáil le haghaidh Forbairt Scoile tabhairt faoi bhealaí le tacú le naisc leis an phobal agus le cur le pobail inchothaithe. Pléitear chomh maith leis an tábhacht atá le cur chun cinn an eolais, na scoileanna agus na tuisceana atá de dhíth chun cinní eolasacha freagracha a dhéanamh.

Tá na táscairí den fheidhmíocht éifeachtach atá bainte le gach tréith maidir le CRED leagtha amach sa tábla thíos.

| SAINTRÉITH                | TÁSCAIRÍ  |
|---------------------------|---|
| Soláthar Páiste-Lárnaithe | <ul style="list-style-type: none"> <li>a. Ba cheart prionsabail agus aidhmeanna CRED a chur san áireamh sa Phlean Forbartha Scoile.</li> <li>b. Moltar cur chuige uile-scoile mar a mbeadh baint ag gach ball foirne agus duine óg leis an fhoghlaim faoi CRED.</li> <li>c. Laistigh d'éiteas/réamheolaire na scoile, ba cheart go mbeadh sé feiceálach go bhfuil glacadh leis an éagsúlacht agus meas ar an ilchineálacht.</li> <li>d. Aithníonn an fhoireann an tábhacht atá le húsáid iomchuí teanga agus iompair a shamhaltú agus a léiriú.</li> <li>e. Léiríonn cur chuige na scoile i leith chur i bhfeidhm CRED riachtanais na bpáistí uilig.</li> <li>f. Tá scoileanna mothálach agus fáilteach maidir le féiniúlacht ilchineálach gach baill de phobal na scoile.</li> <li>g. Tá tiomantas ann chun ról a thabhairt do dhaoine óga i gcomhphlé agus i gcinntí.</li> <li>h. Páistí agus daoine óga a spreagadh le teagmháil ghníomhach a dhéanamh le scoileanna eile agus le pobail eile de chúlraí agus de thraidisiúin eile.</li> <li>i. Ba cheart go mbeadh scoileanna meabhrach agus spreagúil maidir le doimhniú na héirime mothúchánaí ina gcuid caidreamh agus ina ndearcadh orthu féin.</li> <li>j. Ghlacfaí leis gur ghá comhairle scoile bhríoch a fhorbairt mar chuid éigeantach de sheachadadh dáiríre an tsoláthair pháiste-lárnaithe lena n-áireofaí ceisteanna ceart, comhionannais, daonlathais agus ghuth na ndaltaí.</li> </ul> |

| SAINTRÉITH                             | TÁSCAIRÍ   |
|--|--|
| Teagasc agus Foghlaim ar Ardchaighdeán | <ul style="list-style-type: none"> <li>a. Tá san áireamh sa phleanáil churaclaim foráil don fhoghlaim faoi aidhmeanna CRED.</li> <li>b. Ba cheart go mbeadh próiseas ‘pleanáil, gníomhú, athbhreithniú’ i bhfeidhm mar a bheadh amhlaidh le réimsí eile den churaclam le go dtarlódh feabhsú leanúnach.</li> <li>c. Bíonn múinteoirí machnamhach maidir lena gcuid oibre féin agus le torthaí na bpáistí agus na ndaoine óga aonair.</li> <li>d. Tá fianaise ann den athmhachnamh criticiúil ag baill foirne agus ag daoine óga.</li> <li>e. Bíonn deiseanna ag gach ball foirne agus duine óg bheith rannpháirteach i dtionscnaimh CRED más féidir.</li> <li>f. Bíonn baint ag daoine óga, gach áit ar féidir, le cinntí a dhéanamh a mbíonn tionchar dearfach acu ar a gcuid foghlama.</li> <li>g. Ba cheart do mhúinteoirí, i gcomhréir le ceanglais reachtúla an churaclaim, dul i ngleic le gnéithe níos dúshlánaí den PDMU/Saoránacht.</li> <li>h. Ba cheart go dtacófaí le múinteoirí le go dtig leo dul i ngleic le ceisteanna conspóideacha íogaire.</li> <li>i. Bíonn deiseanna ann ar fud an churaclaim le luachanna comhroinnte a chur chun cinn agus le cuidiú le daoine óga ómós a bheith acu don éagsúlacht agus cur in éadan an réamhchlaonta, an leithcheala agus na steiréitíopála.</li> <li>j. Béim agus tuiscint ar chearta daonna agus ar chomhionannas laistigh den UNCRC a chur chun cinn.</li> </ul> |

|                                  |  |
|----------------------------------|--|
| <p>Ceannasaíocht Éifeachtach</p> | <ol style="list-style-type: none"> <li>a. Bíonn fáil ag baill foirne ar dheiseanna iomchuí oiliúna in CRED.</li> <li>b. Bíonn lucht bainistíochta ag tacú leis an fhoireann agus iad ag tionscnamh agus ag cothú an chleachtais CRED.</li> <li>c. Tacaíocht ó Bhord na nGobharnóirí maidir le bheith ag cloí le croí-phrionsabail CRED.</li> <li>d. Déantar bainistiú ceart éifeachtach ar acmhainní agus bíonn socruithe iomchuí i bhfeidhm i dtaca leis an bhainistiú airgeadais.</li> <li>e. Léiríonn ceannaireacht na scoile fíís shoiléir agus tiomantas maidir le polasaí agus cleachtas CRED.</li> <li>f. Cuirtear éiteas cuimsitheachta chun cinn laistigh den scoil.</li> <li>g. Tá tiomantas don phleanáil, don mhonatóireacht agus don mheastóireacht agus cuirtear am ar leataobh le go mbeidh sé seo bríoch.</li> <li>h. Teagmháil le háisíneachtaí seachtracha (amhail ETI, na Boird) maidir le monatóireacht agus meastóireacht.</li> </ol> |
|----------------------------------|--|

| <b>SAINTRÉITH</b>                                       | <b>TÁSCAIRÍ</b>   |
|---|---|
| <p>Scoil a bhfuil Naisc aici leis an Phobal Áitiúil</p> | <ol style="list-style-type: none"> <li>a. Coinnítear tuismitheoirí, cúramóirí agus an mórfhobal áitiúil ar an eolas maidir le tiomantas an eagrais i leith CRED.</li> <li>b. Bíonn deis ag tuismitheoirí, cúramóirí agus an mórfhobal, aon áit ar féidir, bheith i dteagmháil le baill de thraidisiún/phobal eile.</li> <li>c. Féachtar le naisc fhóirsteanacha áitiúla a dhéanamh gach áit ar féidir agus le caidreamh a fhorbairt.</li> <li>d. Baineann an scoil tairbhe as an rannpháirtíocht s'aici i gcláir eile le tacaíocht bhreise a thabhairt d'aidhmeanna CRED (mar shampla Scoileanna Seirbhísí Breise).</li> <li>e. Deiseanna a fhiosrú/spreagadh le go dtig le daoine óga teagmháil a dhéanamh le daoine eile de chúlraí/thraidisiúin eile agus caidreamh dearfach a thógáil.</li> </ol> |

### 5.3 An Curaclam

5.3.1 Tá de cheangal ar scoileanna, le Curaclam TÉ, dul i ngleic le ceisteanna a bhaineann leis an ilchineálacht agus leis an chuimsitheacht agus machnamh a dhéanamh ar dhóigheanna a dtig le daoine de thraidisiúin pholaitiúla,

chreidimh agus chultúrtha maireachtáil le chéile agus cóimheas a bheith acu ar a chéile. Cuirfidh obair a bhaineann leis an pholasaí CRED go mór leis an soláthar curaclaim.

- 5.3.2 Soláthraítear, leis an Churaclam, solúbthacht mhéadaithe a chuirfidh ar chumas scoileanna, mar chuid den chur chuige uile-scoile, aidhmeanna agus prionsabail CRED a ionchorprú. Tá aidhmeanna agus prionsabail CRED ag teacht go mór le haidhm Churaclam TÉ. Mar atá, is é is aidhm don Churaclam daoine óga a chumasú le go dtig leo lánacmhainneacht a bhaint amach agus cinntí eolasacha freagracha a dhéanamh ar feadh a saoil.

### **An Curaclam Bunscoile**

- 5.3.3 An príomhréimse foghlama is mó ina luíonn CRED go nádúrtha (ón Bhonnchéim go dtí deireadh Eochairchéim 2) ná PDMU (Forbairt Phearsanta agus Comhthuiscint). Soláthraíonn an Curaclam deiseanna, áfach, le dul i ngleic le ceisteanna CRED ar fud réimsí eile foghlama (m.sh. teanga agus litearthacht, na hEalaíona, Oideachas Reiligiúnach agus Corpoideachas).
- 5.3.4. Is é is aidhm le PDMU, a leanann ar aidhm fhoriomlán an churaclaim, 'Gach páiste a spreagadh le go mbeidh sé/sí éifeachtach go pearsanta, go mothúchánach, go sóisialta agus go fisiceach agus le go mairfidh sé/sí saol sláintiúil, sábháilte sásta; le go mbeidh sé/sí ina s(h)aoránach muiníneach neamhspleách freagrach, a dhéanfaidh roghanna agus cinntí eolasacha freagracha ar feadh a s(h)aoil'.
- 5.3.5 Tá 2 shnáithe sa PDMU, Snáithe 1: Forbairt Phearsanta agus Sláinte (is é an snáithe seo a bheidh mar fhócas ag gach obair tosaigh in CRED). Snáithe 2: Comhthuiscint sa Phobal Áitiúil agus Dhomhanda (ba cheart ábhar an tsnáithe seo a úsáid mar bhunsraith faoi dhianobair ar bith ar CRED).
- 5.3.6 San áireamh chomh maith i Snáithe 2 tá na príomhdhúshláin maidir le seachadadh an teagaisc agus



na foghlama ar ardchaighdeán a bhaineann leis na réimsí níos íogaire den pholasaí agus an dúshlán is mó ó thaobh na tacaíochta agus na hoiliúna de.

- 5.3.7 Cé gurb í PDMU ceann de na réimsí is soiléire lena gcuirfí leis an pholasaí, ní mór a aithint gur cheart do réimsí eile foghlama agus scileanna traschuraclaim cur le haidhmeanna agus cuspóirí CRED. Tá sé tábhachtach go ndéanfadh múinteoirí na naisc seo trína gcuid pleanála agus teagasc agus go ndíreodh siad ar scileanna smaointeoireachta agus inniúlachtaí pearsanta.
- 5.3.8 Tríd na topaicí a phleanálann múinteoirí leis na páistí agus daoine óga acu, bítear ag dúil le go ndéanfar naisc idir gach ceann de na 6 réimse foghlama agus na scileanna traschuraclaim, TEC, Cumarsáid agus Uimhearthacht. Ba cheart do mhúinteoirí bheith roghnaíoch maidir le hábhar na dtopaicí seo agus réimse a roghnú ina gclúdófaí na gnéithe reachtúla den churaclam. Mar shampla, d'fhreagródh topaicí a luífeadh go maith le fiosrúcháin i dtaca le hilchineálacht, comhionannas, cultúir eile agus coimhlint, do riachtanais CRED agus an churaclaim.

### **An Curaclam Iar-Bhunscoile**

- 5.3.9 Tagann deis shuntasach le Curaclam ag leibhéal na hiarbhunscolaíochta leis an teagasc a chur in oiriúint do phrionsabail agus aidhmeanna pholasaí CRED na Roinne Oideachais agus a chuid torthaí.
- 5.3.10 Dá réir seo, d'fhéadfadh sé go mbeadh ar mhúinteoirí ábhair ceisteanna a fhiosrú a bheadh íogair agus/nó conspóideach. D'fhágfadh sé seo, ar a uain, go mbeadh gá le forbairt ghairmiúil iomchuí agus athmhachnamh pearsanta.
- 5.3.11 Má thuigimid i gcónaí go bhfuil Curaclam bunaithe ar aistriú scileanna, eolais agus tuisceana tríd na réimsí foghlama, d'fhéadfaí é seo a léiriú i dtosach san inneachar nó san inneachar féideartha de na hábhair seo thíos:

| Ábhar   | Inneachar  |
|---|--|
| Foghlaim don Saol agus don Obair (4 shnáithe ann, 2 cheann acu a bhfuil baint dhíreach acu le CRED) | <p><u>Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda:</u> ag Eochairchéim 3, tá tagairt shainiúil do cheisteanna Caidrimh Phobail agus Ilchineálachta. Tá sé tábhachtach go mbeadh sciar iomchuí de seo bainteach leis an choimhlint stairiúil i dtuaisceart na hÉireann agus leis an eolas, na scileanna agus na luachanna a chuireann ar chumas ár gcuid daoine óga maireachtáil sa tsochaí iarchoimhlinte mar a mbeadh tuiscint ar an ilchineálacht mar bhunchuid dá n-oideachas foriomlán.</p> <p>De bhreis air seo, tá mar thaca faoin tSaoránacht Áitiúil agus Dhomhanda ag Eochairchéim 3, agus de dhíth faoina coinne, eolas sainiúil ar phrionsabail an oideachais um Chearta Daonna agus an chomhionannais.</p> <p><u>Forbairt Phearsanta:</u> Is féidir go gcuirfeadh sé seo leis an oideachas pearsanta agus sóisialta, lena n-áirítear bheith ag plé le freagairtí mothúchána a bheadh ábhartha don saol i sochaí ilchineálach iarchoimhlinte.</p> |
| Timpeallacht agus Sochaí  | <p><u>Stair:</u> Ag Eochairchéim 3, tá riachtanas sainiúil ann go bpléifí le cúiseanna agus le hiarmhairtí na Críochdheighilte in Éirinn. Tagann deis uathúil leis seo le castachtaí stair na hÉireann agus an dóigh a bhfuil tuairimí agus traidisiúin éagsúla i ndiaidh teacht chun cinn thar am i gcodarsnacht leis na céimeanna éagsúla tráma atá eascartha astu seo a fhiosrú. Is léir go mbeadh ról lárnach ag dearcadh soiléir cothromaithe ar na himeachtaí d'fhonn gné oideachasúil a thabhairt isteach maidir le réiteach foriomlán ar a leithéid de cheisteanna.</p>  |
| Teanga agus Litearthacht  | <p><u>Béarla / Litríocht an Bhéarla:</u> Is féidir, ar feadh an iarbunoideachais, trí théacsanna ar leith a úsáid, idir fhíriciúil agus fhicseanúil, mír shuntasach a chruthú lena gcuirfí ar chumas daoine óga dul i ngleic lena gcultúr féin, le cultúr daoine eile agus leis an dóigh a bhfuil a leithéid d'eispéiris saoil i ndiaidh forbairt go stairiúil agus san am i láthair.</p> <p>De bhreis air seo, d'fhéadfadh sé go gcuirfeadh an cheapadóireacht agus an saorscríbhneoireacht ag daoine óga ar a gcumas téamaí cosúla a fhiosrú agus a gcuid barúlacha agus dearcthaí féin a nochtadh san am céanna.</p>  |

|                        |   |
|------------------------|---|
| Oideachas Reiligiúnach | Tá an reiligiún lárnach maidir le creideamh, féiniúlacht agus cultúr a mhúnlú i sochaí na hÉireann agus na Breataine riamh anall. I bhfianaise an chomhthéacs ilchreidimh a bhfuil taithí ag chóir a bheith gach pobal san Eoraip air, is léir gur gléas tábhachtach é an t-oideachas reiligiúnach chun saol fulangach lán cóimheasa a chruthú, go háitiúil agus go domhanda. |
| Na hEalaíona           | Tá na hEalaíona, an ceol, an ealaín agus an drámaíocht go sonrach, á n-aithint le fada mar mheáin trína dtig an cultúr a fhiosrú agus daoine óga de chultúir éagsúla a thabhairt le chéile lena dhéanamh seo.   |
| Corpoideachas/Spórt    | Sa domhan nua-aoiseach, tá an spórt anois ar cheann de na táscairí is cumhachtaí den fhéiniúlacht agus den chultúr. Tá féidearthachtaí ann dá réir do scoileanna daoine óga a chur i dtaithí ní amháin ar na spóirt a bhfuil baint acu leo go traidisiúnta, ach ar réimse de chluichí, idir áitiúil agus dhomhanda, rud a n-eascródh eispéireas foghlama saibhrithe as.       |
| Teangacha              | Is bunchuid iad na teangacha den tuiscint ar thaithí agus ar chultúr daoine eile, agus tá naisc láidre eatarthu agus traidisiún agus féiniúlacht. Dá réir seo, d'fhéadfadh sé, leis an staidéar ar theangacha, go mbeifí in ann gné a chuimsiú san fhoghlaim ina gcothófaí meas, tuiscint agus ómós don ilchineálacht.  |

## 5.4 **Saibhriú/Gníomhaíochtaí** **Seach-Churaclaim, Teagmháil agus Foghlaim Trasphobail**

5.4.1 Is cuid dhílis iad teagmháil agus eispéiris fhóirsteanacha oideachais atá bunaithe ar an ilchineálacht, ar chaidreamh pobail agus ar réiteach coimhlinte de chur i bhfeidhm éifeachtach an pholasaí CRED agus leoga, de chinntiú na síochána, an chomhtháthaithe agus na seasmhachta fadtréimhsí sa tsochaí. Ar an ábhar seo, beifear in ann, trí theacht i dtír ar dheiseanna maoinithe tríd na forais reachtúla oideachais, doimhniú suntasach agus feabhsú cáilíochtúil a dhéanamh ar aidhmeanna agus cuspóirí CRED.

5.4.2 Aithnítear ina mhír lárnach d'oideachas a bheadh ag obair i dtreo sochaí shíochánta sheasmhach chomhroinnte a chinntiú don todhchaí, daoine óga de chúlraí éagsúla creidimh agus cultúrtha a thabhairt le chéile le díriú ar na ceisteanna suntasacha a bhfuil coimhlint agus anacair eascartha astu san am atá caite.

## 5.5 **Inniúlachtaí Múinteoirí**

5.5.1 Beidh de cheangal chomh maith ar mhúinteoirí sna scoileanna, idir iad atá nua-cháilithe agus iad sin a bhfuil taithí acu, cloí leis na treoracha ó Chomhairle Ghinearálta Múinteoireachta ó thaobh inniúlachtaí múinteoirí de. Ba cheart aird ar leith a thabhairt d'inniúlachtaí 8 agus 12.

Inniúlacht 8: Beidh eolas agus tuiscint forbartha ag múinteoirí ar an ghá atá le haird a thabhairt ar ghnéithe suntasacha na bpáistí agus na ndaoine óga ó thaobh cultúir, teanga agus creidimh de, agus dul i ngleic leis na himpleachtaí a eascraíonn astu seo.

Inniúlacht 12: Beidh eolas agus tuiscint forbartha ag múinteoirí ar an idirghaolmhaireacht atá ann idir scoileanna agus na pobail a mbíonn siad ag freastal orthu, agus ar na féidearthachtaí maidir le forbairt agus leas comhchoiteann.

Tá breac-chuntas in larscríbhinn 1 ar na hinniúlachtaí múinteoirí a bhaineann leis an pholasaí CRED ar fud na gcéimeanna tábhachtacha i bhforbairt múinteoirí.

## **5.6 Pobail Foghlama agus an Creat Teidlíochta**

Is ionann an Creat Teidlíochta agus an frithchothromú don chroíchuraclam laghdaithe ag EC4 agus ina dhiaidh. Tríd seo, beidh deis ag daoine óga fáil a bheith acu ar churaclam níos leithne agus níos cothromaithe; curaclam a mbeadh spéis acu ann agus a bheadh spreagúil acu, a d'ardódh na mianaidhmeanna acu agus a mbeadh comhrochtain ag gach duine air beag beann ar an scoil ar a bhfuil sé/sí ag freastal agus an áit a gcónaíonn sé/sí. Beifear in ann, leis an tairiscint curaclaim seo, freastal ar riachtanais an gheilleagair áitiúil, le cáilíochtaí a bheidh inchreidte agus le bealaí chun cinn soiléire isteach sa bhreiseoideachas agus san ardoideachas agus ar aghaidh chuig gairmeacha rathúla.

D'fhonn an aidhm seo a bhaint amach agus trí thosaíocht a thabhairt do riachtanais an duine óig, tá chóir a bheith gach scoil ina ball de Phobal Foghlama Ceantair. D'fhás cuid mhaith de na comhghuaillíochtaí deonacha seo go horgánach agus cuireann siad ar chumas scoileanna cur le réimse na ndeiseanna agus na tairisceana curaclaim atá ar fáil do na daoine óga a mbíonn siad ag freastal orthu. Trí bheith ag comhoibriú le chéile, bíonn scoileanna in ann acmhainní a chomhthiomsú agus saineolas a chomhroinnt idir mhúinteoirí. Tá samplaí maithe ann cheana den chomhoibriú idir scoileanna a bhíonn ag freastal ar phobail éagsúla agus iad ag obair le chéile d'fhonn an Creat Teidlíochta a chur i bhfeidhm ina iomláine faoi 2013. Ní toradh ann féin é an comhoibriú ach thig comhoibriú a úsáid d'fhonn torthaí a bhaint amach agus riachtanais an duine óig i gcónaí chun cinn.

## 6. OBAIR ÓIGE

6.1 Tá an polasaí CRED ábhartha d'éiteas, do phrionsabail agus do chleachtas gach obair óige agus ba cheart é a bhreithniú taobh le agus laistigh den mhéid seo a leanas:

- Samhail le haghaidh Cleachtas Éifeachtach;
- Professional and National Occupational Standards for Youth Work;
- Tosaíochtaí don Óige;
- An mhórhimpeallacht maidir le polasaí agus maoiniú rialtais;
- Éiteas Reatha na hEagraíochta.

6.1.2 Aithnítear féidearthachtaí ar leith i réimse an oideachais CRED leis na comhpháirtíochtaí idir scoileanna agus an tseirbhís óige.

6.1.3 Is iad na hEagrais Dheonacha Óige Réigiúnacha agus a gcuid aonad cleamhnaithe na príomhsholáthróirí seirbhísí don aos óg. Tacaíonn an earnáil dheonach le 87% de bhallraíocht na seirbhíse óige. Tá ról lárnach ag Comhairle Óige TÉ (YCNI) i gcur i bhfeidhm CRED laistigh de na heagrais dheonacha óige réigiúnacha. Tá sonraí breise ar fáil ar shuíomh gréasáin YCNI ([www.ycni.org](http://www.ycni.org)).

## 6.2 Cleachtas Óige a Fhorbairt: Samhail le haghaidh Cleachtas Éifeachtach

6.2.1 Luíonn aidhmeanna agus cuspóirí CRED go nádúrtha leis an téama lárnach agus leis na croíphrionsabail atá leagtha amach i gcuraclam na seirbhíse óige "Samhail le haghaidh Cleachtas Éifeachtach".

6.2.2 Fágann forbairt phearsanta agus shóisialta na ndaoine óga go mbíonn ar oibrithe óige daoine óga a ullmhú do rannpháirtíocht, go gcaithfidh siad tacú leo le luachanna agus tuairimí a thástáil agus le go dtig leo glacadh le daoine eile agus iarracht a dhéanamh iad a thuiscint. Is éifeachtaí na cleachtais seo agus tuiscint agus meas ar chearta, comhionannas agus ilchineálacht an uile dhuine

gan aon idirdhealú mar thaca fúthu. Tá gá leanúnach le hobair bhreise fhollasach ar chaidreamh pobail, comhionannas agus ilchineálacht.

### **6.3 Polasaí CRED a chomhtháthú isteach in Éiteas agus Pleanáil Straitéiseach na hOibre Óige**

Ní hiondúil go mbíonn rochtain mharthanach ag daoine óga ar eispéiris foghlama chomhroinnte le daoine de chúlra éagsúil. Tá gá leanúnach le hobair bhreise fhollasach ar chaidreamh pobail, comhionannas agus ilchineálacht, lena n-áirítear rochtain mharthanach ar eispéiris foghlama le daoine de chúlra éagsúil. Tá ról ríthábhachtach ag an obair óige, idir reachtúil agus dheonach, maidir lena leithéid de dheiseanna a chruthú.

6.3.1 Ní mór go mbeadh aidhmeanna an Pholasaí CRED lárnach in éiteas agus pleanáil straitéiseach gach obair óige. Baineadh tairbhe as Creat Ráthaithe Caighdeáin don Obair Óige agus an treoir seo á cur i dtoll a chéile le go bhféadfaí CRED a chur isteach i dtimthriall an fheabhsaithe leanúnaigh.

6.3.2 Ba cheart an polasaí CRED a chomhtháthú isteach in obair atá sa siúl cheana agus atá dírithe ar:

1. Cleachtas Óige a fhorbairt
2. Daoine a fhorbairt
3. An Eagraíocht a fhorbairt

Tá táscairí feidhmíochta maidir le CRED leagtha amach thíos.

| <b>SAINTRÉITH</b>          | <b>TÁSCAIRÍ</b>   |
|----------------------------|---|
| Cleachtas Óige a Fhorbairt | <ol style="list-style-type: none"><li>a. Tá san áireamh i bpleanáil na gclár foráil don fhoghlaim faoi aidhmeanna CRED.</li><li>b. Cuirtear timthriall forbartha curaclaim agus clár i bhfeidhm d'fhonn an feabhsú leanúnach a chur chun cinn.</li><li>c. Bíonn oibrithe óige machnamhach maidir lena gcuid oibre féin agus le torthaí na bpáistí agus na ndaoine óga aonair.</li><li>d. Tá fianaise ann den athmhachnamh criticiúil ag</li></ol> |

|                           |   |
|---------------------------|---|
|                           | <p>oibríthe óige agus ag daoine óga.</p> <p>e. Bíonn deiseanna ag gach oibrí óige agus duine óg bheith rannpháirteach i dtionscnaimh CRED.</p> <p>f. Bíonn baint ag daoine óga le cinní a dhéanamh a mbíonn tionchar dearfach acu ar a gcuid foghlama.</p> <p>g. Tá prionsabail na rannpháirtíochta mar thaca faoin chleachtas.</p> <p>h. Bíonn an oiliúint iomchuí ag oibríthe óige agus bíonn siad muiníneach agus iad ag plé le ceisteanna conspóideacha íogaire.</p> <p>i. Bíonn deiseanna ann ar fud sheachadadh an chláir le luachanna comhroinnte a chur chun cinn agus le cuidiú le daoine óga ómós a bheith acu don éagsúlacht agus cur in éadan an réamhchlaonta, an leithcheala agus na steiréitíopála.</p> <p>j. Bíonn deiseanna ann le tuiscint ar chearta daonna agus ar chomhionannas, ar chearta daonna agus ar an UNCRC a chur chun cinn. Soláthraíonn an t-aonad/grúpa áitiúil deiseanna le go dtig le daoine óga teagmháil a dhéanamh le daoine eile de chúlraí/thraidisiúin eile agus caidreamh dearfach a thógáil.</p> <p>k. Bíonn deiseanna ann le hobair CRED a chur chun cinn agus a cheiliúradh laistigh den phobal.</p> |
| <p>Daoine a fhorbairt</p> | <p>a. Bíonn fáil ag lucht bainistíochta, ag baill foirne agus ag oibríthe deonacha ar dheiseanna iomchuí oiliúna sa CRED.</p> <p>b. Tacaíonn coistí bainistíochta/comhairleacha le baill foirne agus le hoibríthe deonacha ó thaobh thionscnamh agus chothú an chleachtais CRED de.</p> <p>c. Déantar bainistiú iomchuí éifeachtach ar acmhainní, lena n-áirítear na socruithe bainistithe airgeadais.</p> <p>d. Léiríonn ceannaireacht na háisíneachta/an aonaid tiomantas soiléir i leith an pholasaí agus an chleachtais CRED.</p> <p>e. Tá tiomantas ann don phleanáil, don mhonatóireacht agus don mheastóireacht ar obair na háisíneachta/an aonaid agus cuirtear am ar leataobh faoina choinne sin.</p> <p>f. Bíonn teagmháil ann le háisíneachtaí seachtracha (amhail ETI, na Boird) maidir le monatóireacht agus meastóireacht. Coinnítear tuismitheoirí, cúramóirí agus an mórphobal áitiúil ar an eolas maidir le tiomantas na n-aonad/na ngrúpaí áitiúla i leith CRED.</p> <p>g. Tugtar deiseanna do thuismitheoirí, do chúramóirí agus don mhórphobal le teagmháil a dhéanamh le</p>   |



|                          |   |
|--------------------------|---|
|                          | daoine de thraidisiúin agus de phobail éagsúla.   |
| Forbairt na hEagraíochta | <ul style="list-style-type: none"> <li>a. CRED a chur san áireamh sa Chomhaontú Seirbhíse.</li> <li>b. Tá cur chuige uile-eagraíochta soiléir – mar a mbeadh baint ag gach ball foirne agus duine óg leis an fhoghlaim faoi CRED.</li> <li>c. Baineann an t-aonad/grúpa áitiúil tairbhe as an rannpháirtíocht s'aige i gclár eile le tacaíocht bhreise a thabhairt d'aidhmeanna CRED. Scátheagrais/forais réigiúnacha ag tacú le haonaid/grúpaí áitiúla d'fhonn gréasán éifeachtacha a bhunú laistigh dá bpobal áitiúil.</li> <li>d. Aonaid/grúpaí áitiúla ag forbairt gréasán éifeachtach lena chinntiú go mbíonn naisc iomchuí áitiúla ann.</li> <li>e. Tá tiomantas soiléir ann maidir le glacadh le daoine eile agus tuiscint orthu, cuimsitheacht agus cur chun cinn phrionsabail an chomhionannais, na hilchineálachta agus na cuimsitheachta.</li> <li>f. Aithníonn an fhoireann agus oibrithe deonacha an tábhacht atá le dearthaí, teanga agus iompar iomchuí a shamhaltú agus a léiriú.</li> <li>g. Cuirtear riachtanais gach páiste agus duine óig san áireamh in obair na heagraíochta.</li> <li>h. Tá suíomhanna obair óige mothálach agus fáilteach maidir leis an fhéiniúlacht ilchineálach atá ag gach ball den phobal.</li> <li>i. Tá tiomantas ann chun ról a thabhairt do dhaoine óga sa chomhphlé agus sa chinnteoireacht.</li> </ul> |

#### 6.4 Bealaí Dul Chun Cinn agus Creidiúnaithe a sholáthar

Ba cheart go bhféachfaí, le gach clár obair óige (idir reachtúil agus dheonach) le bealaí dul chun cinn agus creidiúnaithe iomchuí a sholáthar do rannpháirtithe. Comhlánaítear polasaí agus prionsabail CRED le roinnt clár atá creidiúnaithe ag éagsúlacht de leibhéil, lena n-áirítear na modúil Saoránachta atá ann cheana, Youth Work Training Board Leadership le haghaidh obair óige atá ann cheana agus Caidreamh Pobail agus Ilchineálacht Chultúrtha leibhéal a haon de chuid OCN.

6.4.1 Tá an réimse d'oiliúint comhionannais, ilchineálachta agus cuimsitheachta a forbraíodh le tacú le hoibrithe óige, le

bainisteoirí agus le lucht déanta polasaithe ábhartha chomh maith do chur i bhfeidhm an pholasaí CRED. Tá san áireamh sa réimse seo:

- Intreoir do CR/EDI (Caidreamh Pobail/Comhionannas, Ilchineálacht, Cuimsitheacht);
- Forbairt Clár le haghaidh Obair thosaigh CR/EDI le daoine óga;
- CR/EDI le haghaidh Cleachtóirí a bhíonn ag obair le Daoine Óga;
- Pleanáil Straitéiseach EDI.

## 6.7 Caighdeán Náisiúnta Ghairmiúla agus Oibre don Obair Óige

Tá na Caighdeán Náisiúnta Ghairmiúla agus Oibre seo a leanas don Obair Óige ábhartha go háirithe:

| Tag                 | Caighdeán Oibre  |
|---------------------|--|
| 1.1.3               | Daoine óga a spreagadh lena gcuid ionchas a leathnú le go mbeidh siad ina saoránach gníomhach.       |
| 1.3.1               | Fiosrú ar luachanna agus creideamh a éascú i measc daoine óga.                                       |
| 2.1.1               | A chinntiú go gcosnaítear agus go gcothaítear cearta na ndaoine óga.                                 |
| 2.3.1               | Comhionannas deiseanna agus ilchineálacht a chur chun cinn sa réimse freagrachta s'agat.             |
| 2.3.2               | Cultúr agus córais a fhorbairt lena gcuirfí comhionannas chun cinn agus luach leis an ilchineálacht. |
| 2.3.3               | Cur in éadan iompar ionsaitheach i measc daoine óga.   |
| 3.2.1               | Teagmháil a dhéanamh leis an phobal áitiúil.   |
| 4.1.1               | Fiosrú a dhéanamh ar riachtanais na ndaoine óga agus an phobail maidir le hobair óige.               |
| 4.3.1/ 4.3.2/ 4.3.3 | Ceannasaíocht a léiriú, Pleanáil a dhéanamh agus Athruithe a chur i bhfeidhm.                        |

Thig breis-sonraí maidir leis na Caighdeáin seo a fháil ag:  
[http://www.lluk.org/documents/whole suite of Professional and National Occupational Standards for Youth Work.pdf](http://www.lluk.org/documents/whole%20suite%20of%20Professional%20and%20National%20Occupational%20Standards%20for%20Youth%20Work.pdf)

## 7. Meastóireacht

- 7.1 Is gné lárnach de chur i bhfeidhm an pholasaí CRED próiseas stóinsithe meastóireachta a bheith ann.
- 7.2 I gcomhréir leis na polasaithe eile de chuid RO le haghaidh feabhsú scoile, ba cheart fosta go mbeadh prionsabal na féinmheastóireachta agus an fhéinfheabhsaithe ag baint le CRED. Ba cheart do shuíomhanna oideachais féinmheastóireacht a dhéanamh i gcomhréir leis na táscairí atá leagtha amach i nGach Scoil ina Scoil Mhaith agus sa Treoir um Phleanáil le haghaidh Forbairt Scoile (atá ag teacht le Le Chéile i dTreo an Fheabhsaithe).
- Soláthar Páiste-Lárnaithe
  - Ceannasaíocht Éifeachtach
  - Teagasc agus foghlaim ar ardchaighdeán
  - Scoil a bhfuil naisc aici leis an phobal áitiúil
- 7.3 Aithnítear gur deacra athruithe iompair agus torthaí sa réimse seo a thomhas, mar sin, le cuidiú le suíomhanna oideachais ó thaobh na féinmheastóireachta de, táthar i ndiaidh réimse de Tháscairí Caighdeáin a fhorbairt a mbainfear úsáid astu le meastóireacht a dhéanamh ar thionchar an pholasaí CRED (iarscríbhinn 3).
- 7.4 Agus na Táscairí Caighdeáin á bhforbairt, chuaigh an Roinn i gcomhairle le réimse d'eagraíochtaí agus rinneadh tagarmharcáil in éadan creataí eile lena mbítear ag iarraidh Caidreamh Pobail, Comhionannas agus Ilchineálacht agus athrú meoin a thomhas.
- 7.5 D'fhéach an Roinn le bearta a shainaitheint thar am d'fhonn tionchar an pholasaí a mheas mar aon le bearta a bhféadfaí iad a úsáid le monatóireacht agus réamh-mheas a dhéanamh ar fheidhmíocht todhchaí. Táthar i ndiaidh tarraingt ar réimse de tháscairí ó chreataí atá ann faoi láthair (m. sh. Táscairí Dea-Chaidrimh OCALCA,

Young Life & Times Survey agus Daonáireamh Bliantúil Scoile) agus ar aon dea-chleachtas atá tagtha chun cinn le meastóireacht a dhéanamh ar thionchar an pholasaí thar am agus ionas nach mbeadh gá le tacar úr de thomhais agus an obair bhreise a bheadh ag teacht leo (Iarscríbhinn 2). Meicníocht amháin a bheidh sna tomhais seo lena chur ar chumas na Roinne meastóireacht a dhéanamh ar thionchar an pholasaí thar am. Aithnítear áfach nach bhfuil sa pholasaí CRED ach ceann amháin den fhoireann d'athróa agus de thionscnaimh chasta a mbíonn tionchar acu ar na tomhais seo. Mar sin de, de bhreis ar mhonatóireacht a dhéanamh ar na táscairí seo, déanfaidh an Roinn, de réir amscála iomchuí, tuairisc a choimisiúnú, le breithniú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag seachadadh an pholasaí CRED ar dhearcadh páistí agus daoine óga mar chuid den phróiseas athbhreithnithe polasaí leanúnach.

- 7.6 De bhreis air seo, tá roinnt spriocbhearta cainníochtúla sainaitheanta ag an Roinn atá bainteach leis na próisis maoinithe. Déanfar meicníocht a bhunú lena dtig monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn de réir spriocanna ionchais agus lena mbeifear in ann tuilleadh breithmheasa ar an pholasaí a threorú. Tá san áireamh leis na spriocbhearta líon na múinteoirí agus na n-oibríthe óige a fhaigheann oiliúint; líon na scoileanna agus na n-eagraíochtaí óige a bhfuil comhairle/tacaíocht faighte acu; úsáid an tsuímh idirlín CREDNI; agus líon na scoileanna agus na n-eagraíochtaí óige a fhaigheann maoiniú trí scéim breisithe CRED.
- 7.7 I gcomhréir leis an pholasaí, comhoibreoidh an Roinn le comhpháirtithe sa Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (ETI) le breithniú a dhéanamh ar éifeachtacht an pholasaí maidir le dearcadh na rannpháirtithe i leith daoine eile agus i leith a bhfoghlama féin a fheabhsú.

## **An Creat Tásctha Caighdeáin**

- 7.8 Le cuidiú le forais oideachais i bpróiseas na féinmheastóireachta agus na pleanála, táthar i ndiaidh Creat Tásctha Caighdeáin a fhorbairt (Iarscríbhinn 3).

Rinneadh é seo a dhearadh le go mbeadh sé ag teacht le GSiSM agus leis an chreat Le Chéile i dTreo an Fheabhsaithe de chuid ETI.

7.9 Dearadh an Creat Tásctha Caighdeáin mar mhodh trína bhféadfaí meastóireacht a dhéanamh ar an dóigh a mbíonn scoil nó suíomh luathbhlianta nó obair óige ag dul i ngleic leis an réimse de cheisteanna Mír 75 agus lena shainaitheint cé acu díobh sin is leitheadúla sa chomhthéacs nó sa mhórphobal áirithe sin. Cuidiú a bheidh sa Chreat Tásctha Caighdeáin maidir le réimsí sainiúla a bhfuil forbairt de dhíth iontu a shainaitheint agus beifear in ann é a úsáid sa phleanáil gníomhaíochta.

7.10 Tá an Creat Tásctha Caighdeáin roinnte ina ocht gcatagóir lena gclúdaítear:

- Soláthar Oideachais;
- Eispéiris foghlama na rannpháirtithe;
- Caighdeán na nasc seachtrach;
- Ceannasaíocht agus bainisteoireacht;
- Úsáid éifeachtach acmhainní/luach ar airgead;
- Tréadchúram agus éiteas;
- Cosaint páistí; agus
- Comhionannas Deiseanna.

Tá sraith ráiteas mar thaca faoi gach catagóir.

7.11 Thig gach ráiteas a rangú mar iontach maith, maith, sásúil, nó réimse ina bhfuil feabhsú de dhíth, agus tá foráil ann le go dtig fianaise a thaifeadadh le tacú leis an rangú seo.

7.12 Tríd an Chreat Tásctha Caighdeáin a chomhlánú, beidh forais oideachais in ann meastóireacht a dhéanamh ar na réimsí ina bhfuil ag éirí leo, áit a bhfuil na bearnaí, agus réimsí ina bhfuil gá le feabhsú a shainaitheint. Sa chás go sainaitheofaí roinnt réimsí ina mbeadh gá le feabhsú, ba cheart iad seo a rangú in ord tosaíochta – seans nach mbeadh sé praiticiúil leanúint le gach réimse ina bhfuil feabhsú de dhíth go comhthreomhar. Ba cheart go léireofaí gníomhaíochtaí sainaitheanta ar bith sa phlean

forbartha don suíomh sin (m.sh. pleananna le haghaidh feabhsú scoile).

- 7.13 Trí athbhreithniú a dhéanamh ar an Chreat Tásctha Caighdeáin ar bhonn rialta, beifear in ann monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus tosaíochtaí a athrú de réir mar a fhóireann sé do riachtanais an tsuímh áirithe sin. Tá dhá iarscríbhinn san áireamh sa Chreat Tásctha Caighdeáin mar a bhfuil seicliosta úsáideach lena chinntiú go bhfuiltear ag dul i ngleic le gach gné den pholasaí. Thig iad a úsáid chomh maith mar mheicníocht mhearsheiceála le cuidiú leis an phróiseas monatóireachta.

## 8. Oiliúint agus Tacaíocht

### 8.1 Oiliúint

- 8.1.1 Aithníonn RO a thábhachtaí atá sé an fhoireann tosaigh a fheistiú le go mbeidh siad in ann an polasaí CRED a sheachadadh (cleachtóirí luathbhlianta, múinteoirí, oibrithe óige srl).
- 8.1.2 Go dtí seo, bhíothas ag brath de bharraíocht ar thacaíocht ó eagraíochtaí seachtracha maidir le seachadadh an chaidrimh phobail agus ba bheag deiseanna a bhí ann, nó deiseanna ar bith, le haghaidh aistriú scileanna.
- 8.1.3 Féachtar, leis an pholasaí CRED oiliúint maidir le caidreamh pobail, comhionannas agus ilchineálacht d'oibrithe oideachais, lena n-áirítear an fhoireann choimhdeachta san oideachas agus oibrithe deonacha i suíomhanna oideachais, roimh cháiliú agus ina dhiaidh, a neartú.
- 8.1.4 Comhoibreoidh RO le ESA agus leis an Roinn Fostaíochta agus Foghlama d'fhonn modúil phobail agus ilchineálachta atá ann cheana a neartú agus le cinn úra agus clár forbartha gairmiúla leanúnaí a fhorbairt a bheidh dírithe ar thógáil cumais agus aistriú scileanna.
- 8.1.5 Ba cheart dóibh sin a bhfuil baint acu le seachadadh an oideachais sna suíomhanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta iniúchadh a dhéanamh ar eolas agus scileanna caidrimh phobail, comhionannais agus ilchineálachta i measc an lucht saothair acu agus teacht i dtír ar dheiseanna le dul i ngleic le bearnaí ar bith a shaináithnítear ó thaobh scileanna de mar chuid den phróiseas pleanála forbartha ar bhonn uile-scoile/eagraíochta.
- 8.1.6 Eochairthoisce maidir le meastóireacht a dhéanamh ar scileanna ná na tosca timpeallachta sin a aithint faoina ndéanfar CRED a sheachadadh, amhail ullmhacht na



foirne (go háirithe ó thaobh luachanna, creidimh agus eispéireas pearsanta de), ullmhacht na dtuismitheoirí agus ullmhacht an mhórphobail.

- 8.1.7 Ba cheart an gá atá le forbairt ghairmiúil leanúnach i réimse an chaidrimh phobail, an chomhionannais agus na hilchineálachta a aithint agus a spreagadh.

## **8.2 Tacaíocht**

- 8.2.1 Cinnteoidh ESA go mbeidh na meicníochtaí tacaíochta iomchuí i bhfeidhm le go dtig CRED a sheachadadh i ngach suíomh oideachais atá faoina riail dhíreach.



## Sainmhíniú ar Chaidreamh Pobail, Comhionannas agus Ilchineálacht

Is é atá sa **chaidreamh pobail** teagmháil agus comhoibriú trasphobail níos mó a spreagadh; tacú le comhthuiscint agus í a fhorbairt agus a spreagadh; agus aithint na hilchineálachta cultúrtha, agus meas uirthi, a chur chun cinn.

Baineann **comhionannas** le sochaí chothrom a chruthú, mar a mbeadh an uile dhuine in ann bheith rannpháirteach agus mar a mbeadh deis acu lánacmhainneacht a bhaint amach.

Is é atá i gceist leis an **ilchineálacht** éagsúlachtaí aonair mar aon le héagsúlachtaí grúpaí a aithint, caitheamh le daoine mar dhaoine aonair, agus luach dearfach a chur leis an ilchineálacht sa phobal.

### Taighde

Tá roinnt staidéar taighde ann lena dtugtar le tuiscint gur réamhtheachtaí tábhachtach a bheidh in éirim láidir mhothúchánach maidir le cuimsitheacht agus meas ar dhaoine eile a fhorbairt.

Pléadh an éirim mhothúchánach in *Frames of Mind* (1983) le Gardiner H., Harvard School of Education, agus an tábhacht atá léi seo maidir le féinmheas agus meas ar dhaoine eile a fhorbairt. Dhearbhaigh Goleman, D. (2001) é seo sa leabhar s'aige dar teideal "Emotional Intelligence: Issues in Paradigm Building."

Phléigh Lárionad Boulder um Staidéar agus Chosc an Fhoréigin an clár "Promoting Alternative Thinking Strategies" agus dar leo, nuair a mhothaíonn páistí go mbíonn na daoine fásta atá thart timpeall orthu ag éisteacht leo, go mbíonn meas ag na daoine fásta orthu agus go mbíonn siad á gcothú acu, go bhforbraítear leibhéal arda d'éirim mhothúchánach iontu agus go bhfoghlaímíonn siad an dóigh le meas a bheith acu ar dhaoine eile agus orthu féin. Aibhsítear chomh maith sa staidéar gur gá na gnéithe seo den sóisialú a theagasc do pháistí agus, le go dtig leo bheith sóisialaithe go fíor, gur gá do pháistí na gnéithe seo a chuimsiú agus a gcuid féin a dhéanamh díobh.

Cuireann Greenberg (1993), Stiúrthóir an Lárionaid um Thaighde ar Chosc ag Ollscoil Stáit Penn, forbairt na litríochta mothúchánaí chun cinn d'fhonn meas a fhorbairt ar an duine féin agus ar dhaoine eile; déanann Mayer agus Salovey amhlaidh chomh maith (1995).

Bhí alt chomh maith ar an Times Educational Supplement (TES) ó Dheireadh Fómhair 2004 le Steven Hastings inar pléadh taighde ar an éirim mhothúcháinach agus ar a tionchar. Dar leis an alt seo nach ionann cuid mhaith de na scileanna cognaíocha a theagashtar i scoileanna agus a mbaintear feidhm astu le IQ a thomhas (réiteach fadhbanna mar shampla) agus na scileanna a bhaineann leis na mothúcháin. Is féidir an t-alt iomlán a léamh ag [www.tes.co.uk/article.aspx?storycode=2042477](http://www.tes.co.uk/article.aspx?storycode=2042477)

Léirigh taighde a d'fhoilsigh Early Years (2010) maidir leis an Media Initiative for Children Respecting Difference Programme go raibh na páistí a bhí rannpháirteach sa chlár in ann mothúcháin agus braistintí a chur in iúl agus iad a aithint i ndaoine eile (cuid thábhachtach den éirim mhothúcháinach) agus go raibh tionchar dearfach á imirt ag an chlár maidir le feasacht chultúrtha agus iompar cuimsitheach na bpáistí. Fuarthas amach fosta go gcuirtear chun cinn go láidir, leis an chlár, éirim mhothúcháinach agus cearta páistí.

### **Daltaí Núíosacha**

Leis an mhéadú atá tagtha ar líon na ndaoine as codanna éagsúla den domhan, bíonn pobal scoile anois ilchineálach agus ilchultúrtha go fíor. Beidh páistí ag freastal ar scoil agus ní bheidh na scileanna teanga imleor acu le bheith rannpháirteach go hiomlán i gcuraclam na scoile agus ní bheidh teanga choiteann acu féin agus ag an mhúinteoir. Tugtar daltaí núíosacha ar na páistí seo. Do na daltaí sin a saináithnítear iad ina ndaltaí núíosacha, tá maoiniú breise ar fáil go díreach don scoil le go dtig cuidiú agus tacaíocht bhreise a chur ar fáil de réir mar is gá.

Cuireann an Roinn Oideachais maoiniú ar fáil le haghaidh **Seirbhís Cuimsitheachta agus Ilchineálachta** (IDS) réigiúnach a cuireadh ar bun in Aibreán na bliana 2007. Is é an ról atá aici an tacaíocht a chuirtear ar fáil do pháistí agus daoine óga núíosacha agus dá dtuismitheoirí a neartú agus a fheabhsú, agus bíonn an

tseirbhís ag feidhmiú go príomha sna scoileanna i.e. náischoileanna, bunscoileanna, iar-bhunscoileanna agus scoileanna speisialta. Ar na seirbhísí a chuireann IDS ar fáil, tá ateangairí, suíomh gréasáin ilteangach le haghaidh múinteoirí agus tuismitheoirí núíosacha, oifigigh ilchineálachta, oiliúint inseirbhíse agus sraitheanna straitéisí.

I mí na Nollag 2007, rinneadh 'Sraith Straitéisí um Ilchineálacht sa Bhunscoil' - a forbraíodh i gcomhpháirt le Integrate Ireland Language and Training (IILT) - a sheoladh agus is éard ab aidhm leis cuidiú agus tacaíocht a sholáthar do mhúinteoirí agus scoileanna na bpáistí agus na ndaoine óga núíosacha. Baineann an tSraith Straitéisí le ceisteanna ar gá do scoileanna dul i ngleic leo le go mbeidh siad go fírinneach fáilteach cuimsitheach agus déantar forbairt ar an dóigh a bpléitear le comhtháthú páistí agus daoine óga de thíortha, de chultúir agus d'eitneachtaí eile, á aithint gur próiseas síoraí atá sa chuimsitheacht.

As siocair gur éirigh chomh maith sin leis an tSraith Straitéisí don bhunscolaíocht, rinne an tAire Oideachais a bhí ann an tráth sin, Caitríona Ruane, Sraitheanna Straitéisí eile don iar-bhunscolaíocht, don náiscolaíocht agus do na scoileanna speisialta a sheoladh i Márta na bliana 2010.

Tá na Sraitheanna Straitéisí seo ar fáil ó IDS nó thig iad a fháil ón suíomh gréasáin [www.education-support.org.uk/teachers/ids](http://www.education-support.org.uk/teachers/ids)

Fuair múinteoirí oiliúint chomh maith ó IDS ar úsáid Chomhchreat Tagartha na hEorpa do Theangacha (CEFR) i.e. uirlis lena dtig cur síos a dhéanamh ar oilteacht teanga.

Tá 'uirlis oiliúna comhordaithe' le haghaidh múinteoirí á forbairt chomh maith i láthair na huaire le cuidiú le comhordaitheoirí scoile an dea-chleachtas a scaipeadh agus lena chur ar chumas scoileanna tuiscint níos doimhne a fháil ar an oideachas idirchultúrtha agus ar an ilchineálacht laistigh de scoileanna.

Beidh baill foirne de chuid na Seirbhíse Cuimsitheachta agus Ilchineálachta ag obair le baill foirne CRED agus leis an tseirbhís CASS i gcoitinne lena chinntiú go mbeidh cur chuige comhleanúnach ann.

## **Le Chéile i dTreo an Fheabhsaithe [TTI]**

Tá próiseas na féinmheastóireachta dea-bhunaithe anois laistigh den earnáil oideachais. Leagtar amach sa cháipéis de chuid ETI, Le Chéile i dTreo an Fheabhsaithe: Próiseas le haghaidh Féinmheastóireachta, an próiseas féin mar aon le roinnt Táscairí Caighdeáin.

### **Réamhscolaíocht**

<http://etini.gov.uk/index/together-towards-improvement/together-towards-improvement-pre-school.htm>

### **Bunscolaíocht**

<http://www.etini.gov.uk/index/together-towards-improvement/together-towards-improvement-primary.htm>

### **Iar-bhunscolaíocht**

<http://www.etini.gov.uk/index/together-towards-improvement/together-towards-improvement-post-primary.htm>

### **Oideachas Speisialta**


<http://www.etini.gov.uk/index/together-towards-improvement/together-towards-improvement-special-education.htm>

| INNIÚLACHT   | Bunoiúint Múinteoirí  | Ionduchtúchán              | Luathfhorbairt Ghairmiúil  | Forbairt Leanúnach Ghairmiúil  |
|--|---|----------------------------|--|--|
| <p>2 Eolas agus tuiscint ar dhíospóireachtaí reatha mar gheall ar nádúr agus cuspóir an oideachais agus na comhthéacsanna sóisialta agus polasáí faoina sainmhínítear agus faoina gcuirtear i bhfeidhm aidhmeanna an oideachais.</p> | <p>Tuiscint ar na himpleachtaí a bhaineann leis an pholasáí 'An Todhchaí Chomhroinnte'.</p> <p>Tuiscint agus dearcadh pearsanta a fhorbairt d'fhonn a bhfealsúnacht oideachasúil féin a threorú:</p> <p>Iolrachas v comhshamhlú<br/>Comóntacht v éagsúlacht<br/>Duine aonair v sochaí<br/>Suaimhneas v dul i ngleic le ceisteanna<br/>Fóntaí v leas coiteann<br/>Cearta v Cearta Daonna v Luachanna Reiligiúnacha</p> <p>Bheith in ann an t-eolas agus an tuiscint seo a úsáid le machnamh (pearsanta) a dhéanamh i gcomhthéacs na gceangaltas reachtúil.</p> | <p>→</p> <p>→</p> <p>→</p> | <p>Machnamh agus soiléiriú a dhéanamh ar a bhfealsúnacht phearsanta oideachasúil i gcomhthéacs luachanna agus pholasaithe na scoile.</p> <p>Bheith in ann an curaclam reachtúil a úsáid d'fhonn na ceisteanna seo a fhiosrú.</p> | <p>Cur le múnlú luachanna agus pholasaithe na scoile.</p> <p>Bheith in ann comhphlé a dhéanamh ar na ceisteanna seo laistigh den churaclam le comhghleacaithe.</p> |

| INNIÚLACHT   | Bunoiliúint Múinteoirí   | Ionduchtúchán              | Luathfhorbairt Ghairmiúil  | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach  |
|--|--|----------------------------|--|--|
| <p>6 Eolas agus tuiscint ar na tosca a chuireann chun cinn agus a chuireann bac roimh an fhoghlaim éifeachtach, agus bheith meabhrach ar an ghá atá le freastal ar fhorbairt iomlánaíoch an pháiste.</p> | <p>Eolas agus tuiscint ar na dóigheanna a mbíonn freagairtí mothúchánacha, stéiréitíopáil, agus idirdhealú ina mbac féideartha roimh an fhoghlaim éifeachtach.</p> <p>Feasacht agus tuiscint ar bheathaisnéisí pearsanta na bpáistí agus na ndaoine óga agus tionchair féideartha ar chumas foghlama.</p> <p>Eolas ar an dóigh a dtéann tionchair shóisialta, shíceolaíochta, forbartha agus chultúrtha i bhfeidhm ar ghnóthachtáil/fhoghlaim na bpáistí ar dhóigh dhearfach nó dhiúltach.</p> <p>Tuiscint ar an tábhacht atá le cultúr iontaoibhe agus measa a chur chun cinn sa seomra ranga.</p> <p>Tuiscint ar an tábhacht atá le cultúr fiosruithe agus barúlacha fianaise-bhunaithe a chur chun cinn sa seomra ranga.</p> <p>Feasacht ar éagsúlacht de chur chuige i leith na foghlama i réimse an Caidrimh Phobail.</p> | <p>→</p> <p>→</p> <p>→</p> | <p>Cothromaíocht cumhachta níos comhroinnte idir dalta agus múinteoir a fhorbairt.</p> <p>Deiseanna a sholáthar do pháistí agus daoine óga le go dtig leo barúlacha daoine eile a fhiosrú agus a gcuid barúlacha féin a chosaint nó a leasú dá réir.</p> | <p>Bheith in ann na toisí cognaíocha agus mothúchánacha a chur sa mheá le go dtig tabhairt faoin stéiréitíopáil agus faoin fhoghlaim éifeachtach.</p> <p>Bheith in ann beathaisnéis agus eispéiris na ndaltaí a úsáid d'fhonn foghlaim éifeachtach a fhorbairt.</p> <p>Inniúil maidir le bheith in ann foghlaim ghníomhach rannpháirteach a éascú.</p> |

| INNIÚLACHT   | Bunoiúint Múinteoirí   | Ionduchtúchán  | Luathfhorbairt Ghairmiúil   | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach  |
|--|--|--|---|--|
| <p>8 Eolas agus tuiscint forbartha ar an ghá atá le haird a thabhairt ar ghnéithe suntasacha na bpáistí agus na ndaoine óga ó thaobh cultúir, teanga agus creidimh de, agus dul i ngleic leis na himpleachtaí don fhoghlaim a eascraíonn astu seo.</p> | <p>Toilteanas cultúir, reiligiúin agus teangacha eile a fhiosrú go hoscailte.</p> <p>Bheith in ann réamhchlaontaí ionat féin agus dúshláin a bheadh ag baint leo seo a aithint.</p> <p>Na gnéithe dá bhféiniúlacht chultúrtha, reiligiúnach agus pholaitiúil féin a aithint agus an bhaint atá acu seo lena ról proifisiúnta.</p> <p>A leibhéal féin d'éirim mhothúchánach a fhiosrú agus a thuiscint.</p> | <p>Bheith in ann réamhchlaontaí ionat féin, i lucht do chomhaoise agus i bpáistí agus i ndaoine óga mar aon leis na dúshláin a bheadh ag baint leo seo, a aithint.</p> <p>Deiseanna a aithint maidir le daltaí ar bith atá ann de chultúr eile a úsáid mar dhóigh fhéideartha leis an ilchineálacht a cheiliúradh.</p> <p>A leibhéal féin den litearthacht mhothúchánach a fhiosrú agus a thuiscint.</p> | <p>Bheith in ann réamhchlaontaí ionat féin, i lucht do chomhaoise agus i bpáistí agus i ndaoine óga mar aon leis na dúshláin a bheadh ag baint leo seo, a aithint.</p> <p>Deiseanna a fhorbairt maidir le daltaí ar bith atá ann de chultúr eile a úsáid mar dhóigh fhéideartha leis an ilchineálacht a cheiliúradh.</p> <p>Bheith in ann freagairt go hiomchuí do réimse leathan de mhothúcháin dhearfacha agus dhiúltacha.</p> <p>Aithne a bheith agat ar an ghrúpa s'agat agus bheith ullamh d'eachtraí gan choinne. Cúlra an ghrúpa a thuiscint; bheith íogair maidir le beathaisnéisí pearsanta agus breith phroifisiúnta a úsáid.</p> | <p>Bheith in ann réamhchlaontaí ionat féin, i lucht do chomhaoise agus i bpáistí agus i ndaoine óga a aithint agus bheith in ann dul i ngleic leo seo.</p> <p>Deiseanna a chruthú maidir le daltaí ar bith atá ann de chultúr eile a úsáid mar dhóigh fhéideartha leis an ilchineálacht a cheiliúradh.</p> <p>Bheith in ann freagairt go hiomchuí do réimse leathan de mhothúcháin dhearfacha agus dhiúltacha, ionat féin agus i ndaoine eile.</p> <p>Dóigheanna a fhoghlaim le timpeallacht a bhainistiú agus a dhlísteánú ina dtig barúlacha láidre a chur in iúl gan aon naimhdeas.</p> |



| INNIÚLACHT   | Bunoiúint Múinteoirí   | Ionduchtúchán   | Luathfhorbairt Ghairmiúil   | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach   |
|--|--|---|---|---|
| <p>1 Eolas agus tuiscint ar an</p> <p>2 idirghaolmhaireacht idir scoileanna agus na pobail a mbíonn siad ag freastal orthu, agus ar na féidearthachtaí atá ann maidir le forbairt agus leas comhchoiteann.</p> | <p>Eolas ar:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>an comhthéacs polasaí atá ábhartha don oideachas um chaidreamh pobail agus ilchineálacht i dTuaisceart Éireann;</li> <li>coincheap an Chaipitil Shóisialta agus ceistanna bainteacha an bhannaithe/an traschóirithe.</li> </ul> <p>Tuiscint ar na féidearthachtaí maidir le múinteoirí a bheith ina ngníomhairí d'athruithe sóisialta.</p> <p>Dóigheanna a dtig prionsabail an daonlathais agus an cheartais shóisialta a mhionshamhaltú i measc phobal na scoile.</p> <p>Dóigheanna ina dtig le háisíneachtaí scoile agus pobail bheith ag comhoibriú d'fhonn comhpháirtíochtaí a bhunú agus le tacú le hoideachas ó thaobh an chaidrimh phobail de.</p> <p>Na féidearthachtaí a bhaineann le húsáid TFC ó thaobh an líonraithe de, laistigh de, agus idir phobail.</p> |  | <p>An daonlathas a shamhaltú mar eiseamláir sa seomra ranga.</p> <p>Bheith ag comhoibriú le háisíneachtaí pobail le tacú le foghlaim na ndaltaí laistigh den churaclam.</p> | <p>An t-idirphlé, na díospóireachtaí agus an idirghaolmhaireacht idir na coincheapa a leanas:</p> <ul style="list-style-type: none"> <li>forbairt pobail;</li> <li>oideachas pobail;</li> <li>ról an chaidrimh phobail maidir leis na dálaí atá riachtanach don tsíocháin bhuan, le ceartas sóisialta, a chruthú.</li> </ul> <p>Tionchar a imirt ar pholasaí agus ar chleachtas agus ar an nasc eatarthu seo agus an pobal i gcoitinne.</p> <p>An daonlathas a shamhaltú mar eiseamláir sa seomra ranga.</p> <p>Comhpháirtíochtaí a thógáil leis an phobal áitiúil tríd na daoine óga, m.sh., seirbhís pobail, tionscadail ghníomhaíochta, stair áitiúil agus stair bhéil, naisc idir phobail – próifíl ranga, scoile agus pobail a chomhroinnt agus a fhorbairt.</p> <p>Pléghrúpaí ar líne a úsáid d'fhonn ceistanna a fhiosrú i measc an mhórphobail lena n-áirítear ceistanna conspóideacha.</p> |

| INNIÚLACHT   | Bunoiúint Múinteoirí   | Ionduchtúchán  | Luathfhorbairt Ghairmiúil  | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach   |
|--|--|--|--|---|
| <p>2 Cur le forbairt agus saol na scoile, comhoibriú leis an fhoireann teagaisc agus tacaíochta, le tuismitheoirí agus le háisíneachtaí seachtracha.</p> | <p>Scileanna idirphearsanta a fhorbairt agus cumas idirbheartaíocht a dhéanamh agus coimhlint a réiteach.</p> <p>Luachanna pearsanta soiléirithe maidir le hoideachas.</p> <p>An fheidhm atá le ráiteas misin scoile agus fíis chomhroinnte a thuiscint.</p> | <p>Scileanna idirphearsanta a fhorbairt agus cumas idirbheartaíocht a dhéanamh agus coimhlint a réiteach agus treoir a sholáthar más gá.</p> <p>In ann caidreamh éifeachtach oibre a bhunú le tuismitheoirí.</p> <p>Eolas agus tuiscint ar ráiteas misin agus fíis chomhroinnte na scoile, lena n-áireofaí luachanna agus mianaidhmeanna.</p> <p>Bheith in ann tacaíocht/caidreamh h oscailte dearfach éifeachtach a chruthú leis an fhoireann teagaisc agus tacaíochta agus le tuismitheoirí.</p> | <p>Scileanna idirphearsanta a fhorbairt agus cumas idirbheartaíocht a dhéanamh agus coimhlint a réiteach agus treoir a sholáthar más gá.</p> <p>In ann caidreamh éifeachtach oibre a bhunú le tuismitheoirí.</p> <p>Caidreamh éifeachtach a fhorbairt le baill foirne i scoileanna bainteacha eile nuair is gá.</p> <p>Eolas agus tuiscint ar ráiteas misin agus fíis chomhroinnte na scoile, lena n-áireofaí luachanna agus mianaidhmeanna.</p> <p>Bheith in ann tacaíocht oscailte dhearfach/caidreamh éifeachtach a bhunú leis an fhoireann teagaisc agus tacaíochta agus le tuismitheoirí.</p> | <p>Scileanna idirphearsanta ar ardchaighdeán a fhorbairt agus cumas idirbheartaíocht a dhéanamh agus coimhlint a réiteach agus treoir a sholáthar más gá.</p> <p>Bheith in ann caidreamh éifeachtach oibre a bhunú le tuismitheoirí agus plé le réimse leathan de cheisteanna dúshlánacha.</p> <p>Eolas agus tuiscint ar ráiteas misin agus fíis chomhroinnte na scoile, lena n-áireofaí luachanna agus mianaidhmeanna.</p> <p>Bheith rannpháirteach i ndruchtú ráiteas misin agus luachanna, aidhmeanna agus cuspóirí na scoile.</p> <p>Bheith in ann tacaíocht oscailte dhearfach/caidreamh éifeachtach a bhunú leis an fhoireann teagaisc agus tacaíochta, le tuismitheoirí, le háisíneachtaí seachtracha agus le gach dá bhfuil buarthaí acu mar gheall ar leas páistí.</p> |

## **Iarscríbhinn 2: Táscairí Caighdeáin**

Tá roinnt táscairí ann a bhfuil baint dhíreach acu le páistí agus daoine óga agus déanfaidh RO monatóireacht orthu seo thar am mar tháscairí breise d'fhonn breithmheas a dhéanamh ar éifeachtacht an pholasaí. Áirítear ar na táscairí seo:

- Líon na bpáistí/scoile agus daoine óga atá atá rannpháirteach i gcláir caidrimh phobail, comhionannais agus ilchineálachta (% d'iomlán na bpáistí scoile agus daoine óga)<sup>1</sup>;
- % de pháistí agus daoine óga (in aois a 16 bliana) a mheasann go bhfuil an caidreamh idir Protastúnaigh agus Caitlicigh níos fearr anois ná mar a bhí cúig bliana ó shin<sup>2</sup>;
- % de pháistí agus daoine óga (bliain 6 & 9) a mheasann go bhfuil sé mícheart tromaíocht a dhéanamh ar dhuine mar gheall ar chine nó ar dhath an chraicinn, ar mhíchumas nó ar chreideamh<sup>3</sup>;
- % de pháistí agus daoine óga (bliain 6 & 9) a mheasann go mbíonn sé i gcónaí mícheart tromaíocht a dhéanamh ar dhuine eile mar gheall ar chine nó ar dhath an chraicinn<sup>3</sup>;
- % de pháistí agus daoine óga (bliain 6 & 9) a mheasann go mbíonn sé i gcónaí mícheart tromaíocht a dhéanamh ar dhuine mar gheall ar mhíchumas<sup>3</sup>;
- % de pháistí agus daoine óga (bliain 6 & 9) a mheasann go mbíonn sé i gcónaí mícheart tromaíocht a dhéanamh ar dhuine mar gheall ar chreideamh<sup>3</sup>;
- % de pháistí agus daoine óga (bliain 9) a bhfuil tromaíocht déanta orthu le hainmneacha nó ráitis ghoilliúnacha nó gothaí maslacha a mbeadh brí ghnéasach leo<sup>3</sup>;
- % díobh sin a bhfuil páistí acu ar scoil agus atá den bharúil gur spás comhroinnte atá sa scoil sin<sup>4</sup>;

- % de dhaoine a chreideann go spreagann an rialtas comhroinnt na saoráidí ag scoileanna de chreidimh éagsúla<sup>4</sup>;
- % na ndaoine a chreideann go bhfuil na scoileanna éifeachtach maidir le páistí agus daoine óga a ullmhú don saol i sochaí ilchineálach<sup>4</sup>;
- % na ndaoine a chreideann go bhfuil na scoileanna éifeachtach maidir le tuiscint a spreagadh ar chastacht na staire s'againn<sup>4</sup>;
- % na bpáistí agus daoine óga a déarfadh go gclúdaíonn scoileanna ceisteanna ilchineálachta<sup>5</sup>;
- % na bpáistí agus daoine óga (in aois a 16) a thabharfadh le fios go raibh tionchar dearfach ag gníomhaíochtaí ar an tuiscint atá ag rannpháirtithe ar na grúpaí mír 75<sup>5</sup>.

Foinse:

<sup>1</sup> *Tuairisc Staitistiúil CRED*

<sup>2</sup> *ARK Young Life & Times Survey*

<sup>3</sup> *DE Research into Nature & Extent of Pupil Bullying in Schools in North of Ireland*

<sup>4</sup> *ARK Northern Ireland Life & Times Survey*

<sup>5</sup> *Ós rud é gur bearta úra iad seo, beidh gá le hobair bhreise d'fhonn sainmhíniú a dhéanamh ar an fhoclaíocht bheacht, agus dá réir, tá siad seo táscach i láthair na huair. Ní bheidh na torthaí tosaigh ar fáil roimh Aibreán 2013.*

### Iarscríbhinn 3: CREAT NA dTÁSCAIRÍ CAIGHDEÁIN

#### **Aidhm Uileghabhálach an Pholasaí CRED**

Le cur le feabhsú an chaidrimh idir phobail:

- a) trí oideachas a chur ar pháistí agus daoine óga le féinmheas agus meas ar dhaoine eile a fhorbairt, le comhionannas a chur chun cinn agus le bheith ag obair d'fhonn an t-idirdhealú a dhíothú; agus
- b) trí dheiseanna a sholáthar dóibh le caidrimh a thógáil leo sin de chúlraí agus de thraidisiúin éagsúla tríd an oideachas foirmeálta agus neamhfhoirmeálta, laistigh de na hacmhainní atá ar fáil.

#### **Croíphrionsabail:**

Seo a leanas na prionsabail lena dtreoraítear an polasaí CRED, agus dá réir, iad sin a fhaigheann maoiniú tríd an pholasaí:

- Glacadh le cur chuige ina bhfuil riachtanais na bpáistí agus na ndaoine óga ríthábhachtach;
- Tacú le forbairt fhorchéimnitheach an fhéinmheasa i measc páistí agus daoine óga agus a gcuid eolais ar thábhacht an chomhionannais agus na hilchineálachta;
- Bheith freagrúil do riachtanais sainiúla CRED na bpáistí agus na ndaoine óga agus a bpobail agus na torthaí a bhfuiltear ag dúil leo maidir le freastal éifeachtach a dhéanamh ar na riachtanais sin a leagan amach go soiléir;
- Ról a thabhairt do pháistí agus do dhaoine óga maidir le pleanáil agus le measúnú ar éifeachtacht na n-idirghabhálacha CRED;
- Rochtain chothrom a sholáthar do pháistí agus daoine óga ar dheiseanna le bualadh le agus le bheith ag comhoibriú le daoine eile, laistigh agus lasmuigh den oideachas foirmeálta lárshrutha agus den oideachas neamhfhoirmeálta.
- Deiseanna a sholáthar don idirghníomhú bríoch idir grúpaí éagsúla d'fhonn tionchar dearfach a imirt ar fhorbairt na tuisceana feabhsaithe agus an chaidrimh sa phobal s'acu.
- Ábharthacht agus cóngas na ngníomhaíochtaí CRED a léiriú maidir le curaclaim fhoirmeálta agus neamhfhoirmeálta, le torthaí a fheabhsú do pháistí agus do dhaoine óga, agus le ceangal le polasaithe oideachais agus Rialtais eile, lena n-áirítear neartú an gheilleagair;
- Coincheap na foghlama gníomhaí a spreagadh, rud a dtugtar buntacaíocht di sa churaclam foirmeálta agus neamhfhoirmeálta;
- Tacú le hobair na suíomhanna oideachais foirmeálta agus neamhfhoirmeálta chun gnóthachtáil páistí agus daoine óga a fheabhsú, agus í a chomhlánú;
- An comhoibriú agus an chomhpháirtíocht atá ann cheana idir scoileanna, grúpaí óige, coláistí agus eagrais oiliúna le freastal níos fearr a dhéanamh ar riachtanais na bpáistí agus na ndaoine óga a aithint agus a bhreisiú;

- Aird a thabhairt ar phointe tosaithe gach duine aonair, grúpa páistí agus daoine óga, suíomh oideachais foirmeálta nó neamhfhoirmeálta agus na pobail ina maireann siad agus ina n-oibríonn siad; agus
- Sárthaispeántas a dhéanamh den dea-chleachtas agus comhroinnt na scileanna trí agus idir na hearnálacha foirmeálta agus neamhfhoirmeálta a chothú agus a spreagadh.

**I ngach ceann de na réimsí thíos, léirigh an chéim, dar leat, ar a bhfuil tú ag feidhmiú:**

- **An-mhaith**
- **Maith**
- **Sásúil nó**
- **Réimsí ina bhfuil forbairt le déanamh [dul chun cinn go fóill le déanamh]**

**Cuir san áireamh, le do thoil, fianaise le tacú leis seo.**

**C1 SOLÁTHAR OIDEACHAIS: TORTHAÍ DO RANNPHÁIRTITHE:**

Cinntigh go bhfuil ag rannpháirtithe, ag gach céim dá bhforbairt, tuiscint ar éagsúlacht agus ar ilchineálacht.

**Le meastóireacht a dhéanamh air seo, breithnigh ar an méid a thagann idirghabhálacha CRED\* leis na ráitis seo a leanas**

|     | <b>Meastóireacht agus buanna na hidirghabhála</b>  | <b>Réimsí ina bhfuil gá le forbairt agus gníomhartha le déanamh</b> |
|-----|--|---|
| C1a | Faightear deiseanna tríd na hidirghabhálacha CRED le go dtig le rannpháirtithe bheith páirteach i réimse de ghníomhaíochtaí i suíomhanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta a chuireann lena gcuid eolais agus tuisceana ar éagsúlacht agus ilchineálacht. |   |
| C1b | Tá na hidirghabhálacha CRED ag teacht go mór le haidhmeanna/cuspóirí an pholasaí CRED agus leis na torthaí a bhfuiltear ag dúil leo agus déantar iad a phleanáil le go mbeidh dul chun cinn in eolas agus i dtuiscint na rannpháirtithe.                 |   |
| C1c | Tá naisc thorthúla idir na hidirghabhálacha CRED agus réimsí curaclaim eile agus tacaíonn na hidirghabhálacha leis na réimsí seo, nuair is iomchuí, agus comhlánaíonn siad soláthar reatha oideachais.   |   |
| C1d | Bíonn na hidirghabhálacha CRED aois-   |   |

|     |   |  |  |
|-----|---|--|--|
|     | oiriúnaithe agus freastalaíonn siad ar riachtanais agus ar shuimeanna rannpháirtithe aonair, rud a fhágann go mbíonn dul chun cinn ann i dtaca leis na scileanna, na barúlacha agus an iompar atá de dhíth le go dtig comhthuiscint agus meas ar, agus aitheantas don éagsúlacht a fhorbairt. |  |  |
| C1e | Léiríonn na hidirghabhálacha CRED go soiléir comhthéacs an phobail agus na ndálaí ina maireann na rannpháirtithe.   |  |  |
| C1f | Leagtar amach go soiléir sna hidirghabhálacha CRED na torthaí a bhfuiltear ag dúil leo do rannpháirtithe, lena n-áirítear an dóigh a dtacóidh a rannpháirtíocht sna hidirghabhálacha le hardú na gcaighdeán agus na gnóthachtála.   |  |  |
| C1g | Soláthraíonn idirghabhálacha CRED deiseanna do rannpháirtithe le go dtig leo cur go gníomhach lena gcuid foghlama féin trí bheith páirteach i bpleanáil agus i measúnú na n-idirghabhálacha.  |  |  |
| C1h | Soláthraíonn idirghabhálacha CRED deiseanna do rannpháirtithe le creidiúnú a bhaint amach.  |  |  |
| C1i | Forbraíonn idirghabhálacha CRED, nuair is iomchuí, áiseanna úra agus  |  |  |



|  |  |  |
|--|--|--|
| <p>baintear úsáid éifeachtach as áiseanna atá ann cheana le tacú leis an fhoghlaim agus leis an teagasc.</p>   |  |  |
| <p>C1j Tá san áireamh sna hidirghabhálacha CRED nósanna imeachta comhaontaithe monatóireachta, meastóireachta agus athbhreithnithe, atá sothuigte ag gach duine agus a úsáidtear don phleanáil agus do shocrú spriocanna d'fhonn torthaí a fheabhsú do rannpháirtithe.</p> |  |  |
| <p>C1k Déanann baill foirne a bhfuil na cáilíochtaí agus an oiliúint iomchuí acu agus a bhfuil sé ar a gcumas tógáil ar inniúlachtaí na mball foirne eile lena mbíonn siad ag obair na hidirghabhálacha CRED a bhainistiú agus a threorú.</p>                              |  |  |

**C2 EISPÉIRIS FOGHLAMA NA RANNPHÁIRTITHE: [GNÓTHACHTÁIL AGUS CAIGHDEÁIN]:**

Oideachas a chur ar rannpháirtithe le go dtig leo maireachtáil agus bheith rannpháirteach i ndomhan atá ag athrú, le go gcuirfidh siad luach ar agus le go mbeidh meas acu ar éagsúlacht agus le go bpléifidh siad go dearfach léi, agus iad ag glacadh san áireamh na deighiltí idirphobail leanúnacha a eascraíonn ón choimhlint mar aon le hilchineálacht mhéadaithe inár sochaí.

**Le meastóireacht a dhéanamh air seo, breithnigh ar an méid a thagann idirghabhálacha CRED leis na ráitis seo a leanas**

|     | <b>Meastóireacht agus buanna na hidirghabhála</b>   | <b>Réimsí ina bhfuil gá le forbairt agus gníomhartha le déanamh</b> |
|-----|---|---|
| C2a | Bíonn na rannpháirtithe ag comhoibriú le daoine eile de thraidisiúin agus de chúlraí éagsúla agus faigheann siad eispéiris dhearfacha foghlama i dtimpeallacht shábháilte chomhbhách ina gcuirtear chun cinn comhionannas, cuimsitheacht agus athmhuintearas agus ina mbíonn meas ar an éagsúlacht. |   |
| C2b | Cuireann idirghabhálacha CRED ar chumas rannpháirtithe éirí níos muiníní mar gheall ar a gcúlra pobail agus cuireann siad le hardú an fhéinmheasa.  |   |
| C2c | Pléann na rannpháirtithe go dearfach le daoine atá éagsúil leo, forbraíonn siad caidreamh le daoine de chúlraí agus de thraidisiúin eile agus forbraíonn siad meas agus tuiscint orthu.   |   |
| C2d | Bíonn na rannpháirtithe in ann a gcuid eolais agus tuisceana agus an meas   |   |

|  |  |  |
|--|--|--|
| <p>atá acu ar chearta, ar chomhionannas agus ar ilchineálacht don uile dhuine a chur i bhfeidhm sa ghnáthshaol i suíomhanna foirmeálta agus neamhfhoirmeálta.</p>  |  |  |
| <p>C2e Athraíonn na rannpháirtithe a ndearcadh agus a n-iompar i leith daoine eile, rud a léiríonn tuiscint níos fearr ar mheas ar chearta, ar chomhionannas agus ar ilchineálacht don uile dhuine.</p>                            |  |  |
| <p>C2f Léiríonn na rannpháirtithe torthaí feabhsaithe de thoradh iad a bheith rannpháirteach in idirghabhálacha CRED, lena n-áirítear scileanna cumarsáide, féinbhainistiú, réiteach fadhbanna agus comhoibriú le daoine eile.</p> |  |  |

**C3 CAIGHDEÁN NA NASC SEACHTRACH:**

Cinntíonn na hidirghabhálacha go mbíonn teagmháil ag rannpháirtithe le comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara ábhartha agus go mbíonn deiseanna acu tógáil ar eispéiris a bhí acu roimhe le daoine eile.

**Le meastóireacht a dhéanamh air seo, breithnigh ar an méid a thagann idirghabhálacha CRED leis na ráitis seo a leanas**

|     | <b>Meastóireacht agus buanna na hidirghabhála</b>  | <b>Réimsí ina bhfuil gá le forbairt agus gníomhartha le déanamh</b> |
|-----|--|---|
| C3a | Tá cumarsáid éifeachtach agus, nuair is iomchuí, comhoibriú le heagrais, áisíneachtaí agus forais oideachais eile lena oiread tairbhe agus is féidir a bhaint as na hidirghabhálacha CRED. |   |
| C3b | Tá naisc láidre, tacúla, éifeachtacha ann leis an phobal áitiúil agus le réimse de ghrúpaí ionadaíocha mionlaigh.  |   |
| C3c | Tá deiseanna ann do na rannpháirtithe le bheith ag obair laistigh den phobal lena gcuid tuisceana air a fheabhsú agus le cur go dearfach leis.   |   |
| C3d | Tá deiseanna ann do na rannpháirtithe le dul i ngleic le cinnteoirí áitiúla m.sh. comhairleoirí, comhaltaí tionóil agus le foghlaim faoina gcearta agus faoina bhfreagrachtaí.             |   |

**C4 CEANNASAÍOCHT AGUS BAINISTEOIREACHT:**

Cuidíonn ceannairí agus bainisteoirí le díbirt 'na mbacainní roimh an fhoghlaim' agus, dá réir, le hardú na gcaighdeán do gach duine agus le druidim na bearna feidhmíochta, trí rochtain agus cothromas méadaithe.

**Le meastóireacht a dhéanamh air seo, breithnigh ar an méid a thagann idirghabhálacha CRED leis na ráitis seo a leanas**

|     | <b>Meastóireacht agus buanna na hidirghabhála</b>  | <b>Réimsí ina bhfuil gá le forbairt agus gníomhartha le déanamh</b> |
|-----|--|---|
| C4a | Pléitear le cleachtas CRED sa Phlean Forbartha Scoile nó i bPlean Óige an Cheantair.   |   |
| C4b | Tá ról agus freagrachtaí aonair sainmhínithe go soiléir ag gach leibhéal den bhainistíocht agus tá a fhios ag an fhoireann, ag na rannpháirtithe agus ag a dtuismitheoirí cé na torthaí a bhfuiltear ag dúil leo ón idirghabháil.  |   |
| C4c | Tá gréasáin agus nósanna imeachta éifeachtacha cumarsáide bunaithe le comhpháirtithe inmheánacha agus seachtracha.   |   |
| C4d | Baineann an bhainistíocht úsáid éifeachtach as nósanna imeachta monatóireachta, athbhreithnithe agus meastóireachta chun eolas cruinn iontaofa a sholáthar maidir le dul chun cinn na ngníomhaíochtaí CRED agus d'fhonn cinnteoireacht agus feabhsúcháin todhchaí a threorú. |   |
| C4e | Cuirtear chun cinn, leis na hidirghabhálacha CRED, dul chun cinn maidir le caoinfhulaingt, comhthuiscint   |   |

|   |  |  |
|---|--|--|
| agus cuimsitheacht/comhtháthú; Tá nósanna imeachta éifeachtacha i bhfeidhm le plé le hiompar mífhóirsteanach. |  |  |
|---|--|--|

**C5 CAIGHDEÁN ÚSÁID ÉIFEACTACH NA nACMHAINNÍ [LUACH AR AIRGEAD]:**

Baintear úsáid éifeachtach as acmhainní agus soláthraítear luach ar airgead atá aois-oiriúnaithe

**Le meastóireacht a dhéanamh air seo, breithnigh ar an méid a thagann idirghabhálacha CRED leis na ráitis seo a leanas.**

|   | <b>Meastóireacht agus buanna na hidirghabhála</b> | <b>Réimsí ina bhfuil gá le forbairt agus gníomhartha le déanamh</b> |
|---|---|---|
| C5a Tá réimse fóirsteanach dóthanach d'áiseanna agus d'ábhair foghlama atá aois-oiriúnaithe agus atá ar dheachaighdeán le freastal ar riachtanais agus ar shuimeanna na rannpháirtithe agus d'fhonn na torthaí CRED is fearr is féidir a bhaint amach dóibh agus dá bpobal. |   |   |
| C5b Tá córas stóinsithe airgeadais i bhfeidhm d'fhonn taifid chruinne atá cothrom le dáta den bhuiséad agus den chaiteachas a choinneáil.   |   |   |
| C5c Déanann lucht na n-idirghabhálacha CRED bainistiú éifeachtach ar na hacmhainní airgeadais lena chinntiú go mbíonn an soláthar ar ardchaighdeán agus costéifeachtach agus go seachnaítear aon dúbailt nach bhfuil gá léi.  |   |   |

**C6 CAIGHDEÁN AN TRÉADCHÚRAIM AGUS AN ÉITIS:**

A éifeachtaí a bhíonn an fhoireann ag obair d'fhonn leas agus taitneamh na rannpháirtithe a chinntiú agus d'fhonn a bhforbairt phearsanta a spreagadh

**Le meastóireacht a dhéanamh air seo, breithnigh ar an méid a thagann idirghabhálacha CRED leis na ráitis seo a leanas**

|     | <b>Meastóireacht agus buanna na hidirghabhála</b>   | <b>Réimsí ina bhfuil gá le forbairt agus gníomhartha le déanamh</b> |
|-----|---|---|
| C6a | A chinntiú go dtugtar tacaíocht agus comhairle iomchuí do rannpháirtithe.   |   |
| C6b | Tacú le rannpháirtithe le go dtig leo iad féin a chur in iúl i gcomhthéacsanna áitiúla agus níos leithne.   |   |
| C6c | Timpeallacht a bhunú ina gcuirí chun cinn cóimheas, iontaobh agus caidreamh agus dearcadh dearfach i leith daoine eile.   |   |
| C6d | Cuidiú leis na rannpháirtithe tuiscint a fhorbairt ar an dóigh lena n-iompar féin mar is cú i suíomhanna éagsúla, lena n-áirítear éisteacht le barúlacha daoine eile. |   |

**C7 CAIGHDEÁN NA COSANTA PAISTÍ AGUS CHOSAINT NA nDAOINE FÁSTA LEOCHAILEACHA:**

Tá nósanna imeachta agus socruithe i bhfeidhm sa tionscadal seo d'fhonn leas agus cosaint na rannpháirtithe a chur chun cinn agus a chumhdach.

**Le meastóireacht a dhéanamh air seo, breithnigh ar an méid a thagann idirghabhálacha CRED leis na ráitis seo a leanas**

|   | <b>Meastóireacht agus buanna na hidirghabhála</b> | <b>Réimsí ina bhfuil gá le forbairt agus gníomhartha le déanamh</b> |
|---|---|---|
| C7a Polasaithe agus nósanna imeachta ag teacht leis na ceanglais reachtúla reatha.  |   |   |
| C7b Tá an t-eagrais atá ag seachadadh an tionscadail agus an t-eagrais a bhfuiltear ag freastal air soiléir maidir leis na nósanna imeachta a bhfuiltear ag baint feidhme astu agus na freagrachtaí atá ann ó thaobh sheachadadh an tionscadail de. |   |   |
| C7c Tá cód iompair ann d'fhonn baill foirne agus rannpháirtithe a threorú maidir le hiompar iomchuí; tá oiliúint cothrom le dáta ann fosta.   |   |   |
| C7d Tá polasaithe agus nósanna imeachta soiléire éifeachtacha i bhfeidhm maidir le cosaint na rannpháirtithe lena n-áirítear foráil d'earcú agus do roghnú baill foirne agus oibrithe deonacha.   |   |   |
| C7e Coinníonn an t-eagrais na   |   |   |



|  |  |  |
|--|--|--|
| <p>rannpháirtithe, a dtuismitheoirí agus gach páirtí leasmhar ábhartha ar an eolas ar bhonn rialta maidir le polasaithe reatha agus le gnáthaimh atá i bhfeidhm le plé le gearáin.</p> |  |  |
| <p>C7f Tá nósanna imeachta iomchuí i bhfeidhm le plé le gearáin ó, agus in éadan, rannpháirtithe agus baill foirne.</p>  |  |  |

**C8 COMHIONANNAS DEISEANNA:**

Tá an t-eagras éifeachtach maidir le cur chun cinn na cuimsitheachta agus an chóimheasa, rud a thacóidh le foghlaim na rannpháirtithe agus a leathnóidh a rochtain ar dheiseanna le haghaidh foghlaim fadsaoil agus eispéiris dhearfacha.

**Le meastóireacht a dhéanamh air seo, breithnigh ar an méid a thagann idirghabhálacha CRED leis na ráitis seo a leanas**

|     | <b>Meastóireacht agus buanna na hidirghabhála</b>  | <b>Réimsí ina bhfuil gá le forbairt agus gníomhartha le déanamh</b> |
|-----|--|---|
| C8a | Tacaíonn comhábhair na n-idirghabhálacha leis an churaclam agus léiríonn siad riachtanais ilchineálacha sainiúla na rannpháirtithe atá páirteach leo.                              |   |
| C8b | Bíonn rochtain ag gach rannpháirtí ar na hidirghabhálacha beag beann ar riachtanais bhreise nó ar ilchineálacht a c(h)úlra.  |   |
| C8c | Soláthraíonn an t-eagras deiseanna dearfacha don fhoghlaim lena gcuirtear chun cinn comhthuisctint agus iontaoibh trí léirthuisctint a fhorbairt ar éagsúlachtaí agus cosúlachtaí. |   |
| C8d | Tá nósanna imeachta éifeachtacha i bhfeidhm d'fhonn iompar goilliúnach nó leatromach a dhíothú.  |   |

|  |  |  |
|--|--|--|
|  |  |  |
| <p>C8e Tá naisc ann le réimse de ghrúpaí d'fhonn, mar shampla, grúpaí mionlaigh nó eitneacha sa cheantar a chuimsiú.</p> |  |  |

\* Is ionann idirghabhálacha, sa chomhthéacs seo, agus plé le héiteas, cultúr, meas srl. trí éagsúlacht de chur chuige lena n-áirítear rannpháirtíocht, nósanna imeachta agus cláir.

## Aguisín 1

### Deiseanna rannpháirtíochta, ó gach grúpa Mír 75, sna hidirghabhálacha CRED

| <b>Deiseanna do rannpháirtithe le bualadh le agus le bheith ag obair le:</b>                      | <b>Réamhscoil</b> | <b>4-11 bliain fir. – bain.</b> | <b>12-16 bliain fir.-bain.</b> | <b>17-18 bliain fir.-bain.</b> | <b>Thar 18 fir.-bain.</b> |
|---|-------------------|---------------------------------|--------------------------------|--------------------------------|---------------------------|
| Daoine eile de chúlra reiligiúnach éagsúil i suíomh foirmeálta                                    |                   |                                 |                                |                                |                           |
| Daoine eile de chúlra reiligiúnach éagsúil i suíomh neamhfhoirmeálta                              |                   |                                 |                                |                                |                           |
| Daoine eile de chúlra eitneach éagsúil i suíomh foirmeálta  |                   |                                 |                                |                                |                           |
| Daoine eile de chúlra eitneach éagsúil i suíomh neamhfhoirmeálta                                  |                   |                                 |                                |                                |                           |
| Daoine eile a bhfuil/nach bhfuil cleithiúnaithe acu i suíomh foirmeálta                           |                   |                                 |                                |                                |                           |
| Daoine eile a bhfuil/nach bhfuil cleithiúnaithe acu i suíomh neamhfhoirmeálta                     |                   |                                 |                                |                                |                           |
| Daoine atá faoi mhíchumas i suíomh foirmeálta   |                   |                                 |                                |                                |                           |
| Daoine atá faoi mhíchumas i suíomh neamhfhoirmeálta   |                   |                                 |                                |                                |                           |
| Daoine eile den phobal Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinsneach i suíomh foirmeálta       |                   |                                 |                                |                                |                           |
| Daoine eile den phobal Leispiach, Aerach, Déghnéasach agus Trasinsneach i suíomh neamhfhoirmeálta |                   |                                 |                                |                                |                           |
| Daoine eile ar stádas pósta éagsúil i suíomh foirmeálta   |                   |                                 |                                |                                |                           |

|   |  |  |  |  |  |
|---|--|--|--|--|--|
| Daoine eile ar stádas pósta éagsúil i suíomh neamhfhoirmeálta |  |  |  |  |  |
|---|--|--|--|--|--|

## Aguisín 2

| <b>De thoradh na rannpháirtíochta s'acu sna hidirghabhálacha CRED is mó eolas agus meas atá ag rannpháirtithe ar:</b>   | <b>Is mó: le fianaise</b> | <b>B'fhéidir: le fianaise</b> | <b>Ní cinnte</b> |
|---|---------------------------|-------------------------------|------------------|
| chultúr agus traidisiúin daoine de chúlra pobail Caitliceach  |                           |                               |                  |
| chultúr agus traidisiúin daoine de chúlra pobail Protastúnach   |                           |                               |                  |
| chultúr agus traidisiúin daoine de chúlra pobail éagsúil a bhfuil ionadaíocht acu sa cheantar ina gcónaíonn na rannpháirtithe   |                           |                               |                  |
| chultúr agus traidisiúin daoine de chine éagsúil nó ar dhath éagsúil craicinn   |                           |                               |                  |
| reiligiúin seachas an Chríostaíocht   |                           |                               |                  |
| dhaoine atá leispiach, aerach, déghnéasach nó trasinscneach   |                           |                               |                  |
| dhaoine atá faoi mhíchumas  |                           |                               |                  |
| dhaoine a labhraíonn teanga eile seachas Béarla   |                           |                               |                  |
| Agus a mhothaíonn ar a suaimhneas maidir le cairdeas le duine de reiligiún, cine, dath craicinn éagsúil, daoine atá faoi mhíchumas agus daoine de chlaonadh gnéasach éagsúil. |                           |                               |                  |

|  |  |  |  |
|--|--|--|--|
| Agus bíonn deiseanna acu lena gcuid barúlacha a nochtadh agus le héisteacht le barúlacha daoine eile mar gheall ar cheisteanna a mbíonn tionchar acu orthu féin. |  |  |  |
|--|--|--|--|



AN ROINN

**Oideachais**

---

MÁNNYSTRIE O

**Lear**